


An Clár Bí Sábháilte



bí
sábháilte

Scileanna Sábháilteachta Pearsanta le haghaidh

Naíonáin Shóisearacha & Shinsearacha



Naíonáin Shóisearacha & Shinsearacha

AN CLÁR BÍ SÁBHÁILTE
Le Deirdre MacIntyre agus Maria Lawlor

Chomhordaigh Patricia Shanahan ábhar agus forbairt
an eagráin seo

Arna fhoilsiú den chéad uair in 1991
Foilsíodh an t-eagrán athbhreithnithe seo in 2016

© An Clár um Chosc ar Mhí-Úsáid Páistí 2016

Buíochas

Buíochas ó chroí leo siúd ar fad a bhí páirteach san athbhreithniú ar an gClár Bí Sábháilte lena n-áirítear:

- An chroí-fhoireann forbartha ina raibh Patricia Shanahan, Marion Hefferon, Eimear Berry agus Marion McHugh
- Niamh Murphy, Anne Flynn, Deborah James agus Maria Lawlor ó fhoireann Frithbhulaíochta 'Cool School' C.A.M.H.S. Dheisceart na Mí
- Baill d'fhoireann Sláinte agus Folláine SFGM a chuidigh le hathbhreithniú ar ábhar agus acmhainní
- Kathleen McFadden a thug go leor de na scéalta sna ceachtanna seo.
- Múinteoirí agus páistí ó Bhunscoil Naomh Raphael, Baile Formaid agus Bunscoil Mhuire na Trócaire, Sligeach a ghlac páirt i dtaifeadadh amhrán agus ábhar closamhairc
- Múinteoirí agus páistí a ghlac páirt sa chlár athbhreithnithe píolótach
- Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna as athbhreithniú a dhéanamh ar an ábhar
- An Roinn Oideachais agus Scileanna as foilsiú an phacáiste seo a mhaoiniú.



Dearadh Grafach le **jean langley** graphic design services 087 2249 752

Léaráidí le Fintan Taite

Fuaim le Sound T Audio

Clár Ábhair

Bí Sábháilte: Treoir don Mhúinteoir

An Clár Bí Sábháilte.....	1
An Clár a chur i bhfeidhm.....	5
Bí Sábháilte a Theagasc	7
Tagairtí	10
Naisc	11
Aguisín A – Litir Shamplach chuig Tuismitheoir	13

Na Ceachtanna Bí Sábháilte

Comhtháthú sa Churaclam ar Fad	14
Topaic 1: Ag Mothú Sábháilte agus Neamhshábháilte.	17
Topaic 2: Cairdeas agus Bulaíocht	31
Topaic 3: Tadhaill.	45
Topaic 4: Rúin agus Insint	55
Topaic 5: Strainséirí	61

AN CLÁR BÍ SÁBHÁILTE

Treoir don Mhúinteoir

Is clár scileanna do shábháilteacht phearsanta é an clár Bí Sábháilte do bhunscoileanna. Is é aidhm an chlár an baol a bhaineann le mí-úsáid páistí agus le bulaíocht a mhaolú tríd oideachas i sábháilteacht phearsanta a sholáthar do pháistí agus oiliúint a chur ar mhúinteoirí, ar bhoird bhainistíochta scoileanna agus ar thuismitheoirí.

Tá sé leagtha amach ó thaobh na forbartha de chun cur ar chumas múinteoirí bunscoile oideachas ar chosc ar mhí-úsáid a sheachadadh ina dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna sábháilteachta pearsanta amhail mí-úsáid fhisiceach, mhothúcháinach agus mí-úsáid ghnéasach chomh maith le bulaíocht agus an baol ó strainséirí.

Ón gclár Bí Sabhailte foghlamaíonn leanaí:

- Maidir le Mothúcháin: Chun tábhacht mothúchán a aithint; an chaoi chun iad a chur in iúl go cuí agus go háirithe mothúcháin neamhshábháilte a aithint
- Maidir le Cairdeas: Cairde a dhéanamh agus a choinneáil agus luach an chairdis
- Maidir le Bulaíocht: Cad is bulaíocht ann; straitéisí le déileáil le hiompar bulaíochta, agus nach bhfuil sé inghlactha riamh bulaíocht a dhéanamh ar dhaoine eile
- An tábhacht atá le muinín agus féinmheas a chothú
- Conas tadhall míchuí nó neamhshábháilte a aithint agus conas déileáil leis
- Go bhfuil sé ceart go leor diúltú do dhuine fásta i gcás ina bhfuil eagla orthu, nó go n-airíonn siad go bhfuil bagairt á déanamh orthu nó go bhfuil siad scanraithe
- Daoine fásta a bhfuil muinín acu astu a shainaithint, ar cheart dóibh insint dóibh má mhothaíonn siad scanraithe, faoi bhagairt, imníoch nó neamhshábháilte ar bhealach ar bith
- Tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhféadfadh duine breab a thabhairt dóibh, bob a bhualadh orthu nó bagairt a dhéanamh orthu chun rún a choinneáil
- Ní orthu féin a bhíonn an locht riamh má dhéantar leatrom nó bulaíocht orthu
- Nár cheart dóibh dul in aon áit in éineacht le strainséir go deo ná glacadh le haon ní ó strainséir
- Teanga chuí le rud a insint
- Na rialacha Bí Sábháilte:
 - Abair ‘Stop’, Imigh Leat, agus Inis do Dhuine Éigin É
 - Níor chóir duit rún faoi thadhall a choinneáil riamh
 - Ná téigh in aon áit in éineacht le strainséir go deo agus ná glac le haon ní ó strainséir

Cuirtear an bhéim ar an tábhacht atá le muinín agus féinmheas a chothú agus treallús agus cumarsáid shoiléir láidir a fhorbairt síos tríd an gclár. Múintear do pháistí nach orthu atá an locht má dhéantar bulaíocht nó mí-úsáid orthu.

Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte

“Cuireann oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte (OSPS) deiseanna sonracha ar fáil chun forbairt phearsanta, sláinte agus folláine an linbh aonair a chothú, chun cuidiú leis/leí caidreamh tacúil le daoine éagsúla a chruthú agus a choinneáil agus a bheith ina s(h)aoránach gníomhach freagrach sa tsochaí. Trí chlár don OSPS atá pleanáilte agus comhsheasmhach ar fud na scoile, is féidir le páistí creatlach de luacha, dearcadh, tuiscint agus scileanna a fhorbairt a thabharfaidh treoir dá gcinntí agus dá ngníomhartha san am i láthair agus san am atá le teacht. Tá gné mhorálta agus spioradálta le OSPS, bíonn tionchar suntasach ag éiteas nó spiorad saintréitheach na scoile ar a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú”.

(Curaclam OSPS, Ich 2)

Is gá do gach bunscoil an Clár Bí Sábháilte a fhorfheidhmiú ina iomláine (Ciorclán 65/2011 ROS) laistigh de chomhthéacs an churaclaím Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte.

Ba cheart gur próiseas comhoibritheach a bheadh i bhforfheidhmiú an chlár Bí Sábháilte ina mbeadh tuismitheoirí, múinteoirí agus pobal na scoile níos leithne páirteach agus cur chuige níos comhordaithe á ghlacadh i leith cosaint páistí agus mí-úsáid páistí a chosc trí oideachas i scileanna sábháilteachta.

An réasúnaíocht le haghaidh an Chláir Bí Sábháilte

Níl aon teorainneacha ag mí-úsáid páistí. Tarlaíonn sé ag gach leibhéal socheacnamaíoch, is cuma cén cúlra eitneach agus cultúrtha atá ag duine, agus tarlaíonn sé i ngach creideamh agus ag gach leibhéal oideachais.

Tá páistí ar baineadh mí-úsáid astu agus a bhfuil faillí á dhéanamh orthu i mbeagnach gach scoil sa tír. Léirítear i dtaighde go bhfuil os cionn leath de na páistí a mbaintear mí-úsáid astu ag dul ar scoil.

Léirítear i dTuarascáil Bhliantúil 2015 na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach, TUSLA go ndearadh 43,596 cás a atreorú chuig Seirbhísí um Chosaint agus Leas Leanaí in 2015.

In 2002, tugadh le fios i dtuarascáil SAVI gur thuairiscigh duine as cúigear ban (20.4 faoin gcéad) agus duine as seisear fear (16.2 faoin gcéad) gur tharla mí-úsáid ghnéasach teagmhála dóibh ina bpáistí. (SAVI, 2002)

Taispeántar i dTuarascáil Lónra Géarchéime um Éigniú na hÉireann 2014:

- D'inis 63% d'íospartaigh a d'fhreastail ar Ionad Géarchéime um Éigniú (RCC) in 2014 gur tharla an foréigean gnéasach dóibh nuair a bhí siad ina bpáistí.
- Bíonn aithne ag déantóirí na coire i gcásanna foréigean gnéasach ar an duine ar a ndéanann siad an mhí-úsáid i bhformhór cásanna (93%).
- B'fhir iad formhór mór (96%) de na daoine a rinne foréigean gnéasach i gcoinne íospartach, idir fhir agus mhná. Meascáin a bhí i lón beag d'fhir agus de mhná ag gníomhú le chéile (3%), nó mná ag gníomhú astu féin (1%).
- Nochtaigh íospartaigh a bhí faoi bhun 13 bliana d'aois nuair a tharla an foréigean go coitianta gur baill teaghlaigh/gaolta a bhí sna mí-úsáideoirí (45%).
- Ba pháistí eile a rinne beagnach ceathrú cuid (23%) den fhoréigean gnéasach a rinneadh ar pháistí faoi 13 bliana d'aois.
- D'inis 66% de dhaoine ar baineadh mí-úsáid astu agus iad ina bpáistí a d'fhreastail ar RCC faoin mí-úsáid ar dtús dá dtuismitheoirí.

Táthar ag aithint go bhfuil ról scoileanna in oideachas ar chosc ríthábhachtach chun an lón páistí atá leochaileach don mhí-úsáid a laghdú.

"Is mar gheall ar mhí-úsáid páistí is mó go dtarlaíonn fadhbanna mothúcháinacha, iompraíochta, agus sláinte ó thús deireadh an tsaoil. Is féidir é a chosc chomh maith. Tá sé faighte amach i gclár ar scoil don oideachas luath-óige agus réamhscoile chun mí-úsáid a chosc go bhfuil na cláir éifeachtach ó thaobh eolas na ndaltaí agus iompraíochtaí cosanta a mhéadú." (Brassard and Fiorvanti, 2015)

Mar aon le leochaileacht páistí do mhí-úsáid, tá sé mar aidhm ag an gclár Bí Sábháilte folláine agus treallús a mhéadú trí eolas, scileanna agus straitéisí a thabhairt do pháistí ar bhealach atá oiriúnach dá n-aois, le ceachtanna agus acmhainní arna struchtúru go forbartha chun iad a chumhachtú.

Léirigh taighde maidir le patrúin nochta i measc páistí, tar éis a rannpháirtíocht sa chlár Bí Sábháilte, gur mhó an seans gur thuairiscigh an páiste an mhí-úsáid, gur mhó an seans go n-inseodh siad dá múinteoirí, agus gur mhó an seans go mbeadh bunús leo (MacIntyre & Carr, 1999b).

Páistí a bhfuil leochaileachtaí speisialta acu

Tá sé faighte amach tar éis blianta taighde go bhfuil páistí a bhfuil leochaileachtaí ar leith acu i mbaol níos mó ó na cineálacha éagsúla mí-úsáide agus íosparta. Áirítear le tosca lena mbaineann riosca níos mó de mhí-úsáid páistí:

- Tuismitheoir amháin nó beirt thuismitheoirí a bheith in easnamh
 - Úsáid alcóil nó drugaí i dteaghlach an íospartaigh
 - Míchumas fisiceach a bheith ag an duine
 - Aire a bheith á thabhairt dóibh ag duine seachas na tuismitheoirí
 - Míchumas foghlama a bheith ag an duine
 - Deacrachtaí sóisialta nó mothúcháinacha a bheith ag an duine
- (e.g. Davies & Jones, 2013; Putnam, 2003)

Taispeántar i staidéir ar dhéantóirí coire go ndíríonn mí-úsáideoirí páistí ar pháistí leochaileacha a bhfuil tréithe, iompair agus saintréithe áirithe acu a cheapann na déantóirí coire go mbeidh siad in ann a láimhsiú. Lorgaíonn déantóirí coire eile páistí faoi mhíchumas, nó páiste atá as féin nó a dtugtar aire dó in áit éigin scartha amach óna theaghlach.

Tugtar le fios i bhfianaise taighde go bhfuil seans 3 nó 4 huaire níos mó go ndéanfaí faillí nó go mbainfí mí-úsáid as páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, 3.8 uaire níos mó seans go ndéanfaí faillí orthu.

Tá go leor cúiseanna go mbíonn páistí éagsúla a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu níos leochaillí agus áirítear orthu:

- Bacainní cumarsáide
- Dearchtaí agus breithiúnais sa tsochaí nach dtarlaíonn mí-úsáid do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu
- Spleáchas
- Drogall dúshlán a thabhairt do chúramóirí
- Easpa rannpháirtíochta agus rogha i gcúrsaí cinnteoireachta
- Leibhéil níos airde bulaíochta agus cláir theoranta faoi shábháilteacht phearsanta agus oideachas pearsanta, sóisialta agus gnéis.. (UK Dept. of Children, Schools and Families, 2009)

Tarlaíonn bulaíocht níos minice chomh maith do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus is mó an seans go mothóidh siad aonarach, uaigneach, agus eisiata go sóisialta (An tÚdarás Náisiúnta Míchumais (2014). Ní féidir an iomarca béime a chur ar an tábhacht a bhaineann le príomhtheachtaireachtaí an chlár Bí Sábháilte a sheachadadh do pháistí leochaileacha, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Anuas air sin, tá sé riachtanach go gcinntíonn gach scoil (príomhshrutha agus speisialta) go gcuimsítear páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i gceart in oideachas caidrimh agus gnéasachta agus go leanann an fhoireann ar fad, foireann choimhdeach agus cúntóirí riachtanas speisialta san áireamh, beartas OCG na scoile.

I gcás páistí leochaileacha agus iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, tá oideachas uileghabhálach ina chuid lárnach den réiteach ar leithlisiú agus d'fhéadfadh sé cuidiú le riosca na mí-úsáide páistí agus bulaíochta a laghdú. Nuair a fhoghlaimíonn páistí taobh lena bpiaraí, forbraíonn siad muinín agus treisítear a scileanna sóisialta agus cumarsáide. Dearadh na ceachtanna Bí Sábháilte le haghaidh éagsúlacht leathan foghlaimíochta agus stíleanna foghlama agus éascaíonn siad cur chuige cuimsitheach. I gcás páistí a bhfuil leochaileachtaí ar leith nó riachtanais speisialta oideachais acu, ba cheart riachtanais aonair a aithint agus dul i ngleic leo trí dhifreáil agus nuair is cuí, ba cheart oiriúintí nó tacaíochtaí aonair níos dírithe a chur i bhfeidhm agus a áireamh san IEP.

Dífereáil

I gcás difreála is gá don mhúinteoir a chur chuige a athrú d'fhonn freastal ar stíleanna foghlama, leibhéil chumais agus suimeanna éagsúla. Tacaítear i gcuraclam OSPS le húsáid raon leathan modheolaíochtaí don fhoghlaim ghníomhach mar a luadh níos túisce.

Dá mhéid éagsúlachta sna modheolaíochtaí a úsáideann an múinteoir, is amháin is mó slite agus pointí iontrála chuig an bhfoghlaim a chuirtear ar fáil don pháiste. Cuideoidh príomhtheachtaireachtaí agus rúin foghlama ag tús gach ceachta de chuid Bí Sábháilte le múinteoirí an teagasc agus an fhoghlaim a dhifreáil dá gcuid daltaí.

Mar chuid de chur chuige difreáilte ba cheart do scoileanna smaoineamh freisin ar an bhfiúntas atá leis an bhfoclóir ábhartha a mhúineadh roimh ré agus chun príomhtheachtaireachtaí a atreisiú mar chuid de thacaíocht foghlama nó de thréimhse teagaisc acmhainní. D'fhéadfadh ról tábhachtach a bheith ag cúntóirí riachtanas speisialta freisin, faoi threoir an mhúinteora ranga, chun foghlaim na bpríomhtheachtaireachtaí a atreisiú agus a chomhdhlúthú.

Anuas ar an gcur chuige ilmheán, bíonn scóip níos mó i gcomhair difreála ann nuair a úsáidtear éagsúlacht leathan modhanna teagaisc agus nuair a chuirtear gníomhaíochtaí forleathnúcháin san áireamh.

D'fhéadfadh na straitéisí seanbhunaithe seo chun teagasc agus foghlaim a dhifreáil a bheith úsáideach: KUDó'S, Tacsanomaíocht Bloom, Ceachtanna srathacha, Grúpáil sholúbtha, Cláir an mhadra rua agus an ghé, TFC a úsáid, Ceistiú athraitheach.

Bulaíocht

Is é cúram scoile oideachas oiriúnach a sholáthar do gach duine dá daltaí. Teastaíonn timpeallacht foghlama atá cobhsaí agus slán, le gur féidir é sin a dhéanamh. Ní féidir oideachas sásúil a chur ar fáil má bhíonn iompar bulaíochta ar siúl. Taispeánann an taighde go bhféadfaidh éifeachtaí sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma a bheith ag an

mbulaíocht ar shláinte fhisiciúil agus mheabhrach daltaí, ar an spéis a chuireann siad ina gcuid foghlama, ar a bhféinmhuinín agus ar a gcumas chun a dtoilmbhianta agus a n-ábhar speise a shaothrú.'

(Gnásanna Frithbhulaíochta na Roinne Oideachais agus Scileanna, 2013; 1.1)

Sainmhínítear bulaíocht i ngnásanna na Roinne Oideachais agus Scileanna mar iompar diúltach neamhiarrtha, bíodh sé i bhfoirm iompar briathartha, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa in aghaidh duine (nó daoine) eile, agus a dhéantar arís agus arís eile.

Áirítear le bulaíocht duine a fhágáil as an áireamh d'aon ghnó; cúlchaint mhailíseach; caidreamh bulaíochta; cibearbhulaíocht; bulaíocht bunaithe ar aitheantas, ar nós bulaíocht homafóbach/thrasfóbach, bulaíocht chiníoch, bulaíocht bunaithe ar bhallraíocht den Lucht Siúil agus bulaíocht ar dhuine faoi mhíchumas nó ar dhuine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aici/aige.

In 2013, d'eisigh an Roinn Oideachais ciorclán 45/2013 ina leagtar amach go soiléir riachtanais scoileanna chun beartas frithbhulaíochta a fhorbairt a chloíonn go hiomlán le Gnásanna Frithbhulaíochta na Roinne Oideachais.

Is féidir teacht ar Chiorclán 45/2013 ag http://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/clo045_2013.pdf, agus ar na gnásanna ag <http://www.education.ie/ga/Scoileanna-Col%C3%A1ist%C3%AD/Eolas/Bula%C3%ADocht/Gn%C3%A1sanna-Frithbhula%C3%ADochta-i-Scoileanna.html>

Tá ábhar tacaíochta agus acmhainní eile ar fáil ag <http://www.pdst.ie/ga/node/4610> agus <https://www.webwise.ie/ga/category/muinteoiri-ga/acmhainni-don-seomra-ranga-ga/>

Mí-úsáid Páistí

Is féidir mí-úsáid páistí a rangú i gceithre chineál: faillí, mí-úsáid mhothúcháin, mí-úsáid fhisiceach agus mí-úsáid ghnéasach. D'fhéadfadh páiste a bheith thíos de bharr cineál amháin mí-úsáide nó níos mó ag aon am amháin. Baintear níos mó ná cineál amháin mí-úsáide as formhór páistí a mbaintear mí-úsáid astu. Mar shampla, d'fhéadfaí mí-úsáid fhisiceach agus mí-úsáid mhothúcháin tarlú do leanbh a mbaintear mí-úsáid ghnéasach astu.

Bíonn sé deacair faillí nó mí-úsáid páistí a shainaithint go minic agus d'fhéadfadh sé bheith ann ar go leor bealaí. Tá sainmhínte agus comharthaí agus comharthaí sóirt na mí-úsáide agus faillí le fáil in *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí*, 2011 agus in *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhuscoile na Roinne Oideachais agus Scileanna*. Tá cáipéisí ar fáil lena n-íoslódáil, mar seo a leanas:

Tús Áite do Leanaí: http://www.dcy.gov.ie/documents/publications/Children_First_Report_IRISH_LR.pdf

Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí na Roinne Oideachais agus Scileanna: http://www.education.ie/ga/Tuismitheoir%C3%AD/Eolas/Cosaint-Leana%C3%AD/cp_procedures_primary_post_primary_2011_ir.pdf

Treoirínite maidir le haitheantas

Cuirtear béim in Tús Áite do Leanaí go bhféadfadh an cumas atá ag duine drochúsáid leanaí a aithint a bheith ag brath an oiread céanna ar a thoilteanaí is atá an té sin glacadh leis go bhféadfadh drochúsáid ag tarlú agus bhraithfeadh sé ar an eolas agus an fhaisnéis atá aige nó aici. Anuas air sin, cuireann sé i gcuimhne dúinn:

- Ní gá gurb ionann déine an chomhartha agus déine na mí-úsáide.
- D'fhéadfadh faillí a bheith chomh marfach le mí-úsáid fhisiceach.
- D'fhéadfadh dochar tromchúiseach agus fadtéarmach tarlú mar gheall ar mhí-úsáid ag leibhéal íseal a tharlaíonn go minic.
- Níl mí-úsáid leanaí teoranta do ghrúpa socheacnamaíoch, inscne nó cultúr ar bith.
- Níor cheart go ndéanfaí mí-úsáid ar pháiste nó ar dhuine óg mar gheall ar iompar dúshlánach.
- Is féidir dochar a dhéanamh do dhearbhaile fhisiceach, mhothúcháin agus shíceolaíoch linbh má nochtfar é nó í d'fhoréigean baile.
- Cé go bhfuil an tionchar is mó ag faillí ar pháistí óga, bíonn drochthionchar aige chomh maith ar ógánaigh.
- Uaireanta bíonn sé deacair idirdhealú a dhéanamh idir táscaire mí-úsáide agus deacrachtaí eile a bhíonn ag páistí agus teaghlaigh.
- D'fhéadfadh sé a bheith deacair dul i ngleic le teaghlaigh ina ndéantar faillí.
- D'fhéadfadh teaghlaigh ina bhfuil faillí agus mí-úsáid ar siúl go leor rudaí a dhéanamh chun dallamullóg a chur ar ghairmithe.
- Is gá go mbeadh scileanna breithnithe agus anailíseach ag oibrithe sóisialta chun an cineál caidrimh idir tuismitheoir agus páiste a thuiscint, chun comharthaí neamhchomhlíonta a thuiscint, le hoibriú le teaghlach,

agus le teacht ar bhreithnithe sábháilte agus bunaithe ar fhianaise maidir leis an ngníomh is fearr a ghlacadh.

- Agus tú ag obair sa réimse a bhaineann le mí-úsáid agus faillí páistí, bíonn tú ag déileáil le neamhchinnteacht.

An Mí-úsáideoir

Cé gur mó an seans go ndéanfaidh tuismitheoir nó cúramóir mí-úsáid ar pháiste, d'fhéadfadh duine fásta eile nó páiste nó ógánach eile mí-úsáid a dhéanamh chomh maith. Bíonn aithne mhaith ag an bpáiste agus a t(h) eaghlach ar fhormhór mí-úsáideoirí.

D'fhéadfadh sé gur fear nó bean é an mí-úsáideoir, ag aois ar bith agus ó aon chúla sóisialta. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé go ndearnadh mí-úsáid ar an mí-úsáideoir féin. Fir is ea iad formhór na mí-úsáideoirí gnéis atá ar eolas. (RCNI, 2014)

An tÍospartach

D'fhéadfadh páiste ar bith a bheith ina íospartach mí-úsáide. D'fhéadfadh páistí a bheith ina n-íospartaigh ag mí-úsáid páistí ag aois ar bith ón gclabhán amach. Baineann formhór na gcásanna de mhí-úsáid ghnéasach páistí a bhfuil eolas fúthu le páistí idir ceithre bliana agus dhá bhliain déag d'aois. Tá buachaillí chomh leochaileach le cailíní.

Tosca cosantacha iad muinín agus treallús.

Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí na Roinne Oideachais agus Scileanna

Caithfidh gach scoil Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhuscoile na Roinne Oideachais agus Scileanna a ghlacadh agus a fhorfheidhmiú go foirmiúil, gan iad a athrú, mar chuid dá mbeartas foriomlán um chosaint leanaí.

Ní mór do gach pearsanra scoile feidhmiú de réir nósanna imeachta um chosaint leanaí na Roinne Oideachais 2011 ina luaitear:

'Sa chás go ndéantar líombain le duine den fhoireann nó go mbíonn duine den fhoireann in ambras gur tugadh drochúsáid nó faillí ar leanbh, nó go bhfuil drochúsáid nó faillí á dtabhairt ar leanbh, nó go bhfuil leanbh i mbaol drochúsáid nó faillí a thabhairt air, déanfaidh an fostaí sin de chuid na scoile, gan mhoill, tuairisc ar an gcás a thabhairt don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe sa scoil.'

(Nósanna Imeachta na Roinne Oideachas 4.1 Ich 26)

Daoine fásta a ngoilleann mí-úsáid orthu

D'fhéadfadh sé go bhfuil taithí phearsanta dhíreach nó taithí teaghlaigh ar mhí-úsáid páistí ag roinnt úsáideoirí den Chlár Bí Sábháilte. Dhéileáil mórán acu leis le líonra tacaíocht ón teaghlach agus ó chairde. Mar sin féin, d'fhéadfadh caint maidir le mí-úsáid páistí cuimhní cinn agus mothúcháin ghoilliúnacha a spreagadh iontu. Ba cheart go mbeadh a fhios ag aon duine a bhfuil an clár ag dul i gcion orthu ar an gcaoi sin gur minc gur gá do dhaoine fásta ar baineadh mí-úsáid astu ina n-óige labhairt le duine báuil i dtimpeallacht shábháilte agus faoi rún, e.g. comhairleoir gairmiúil, agus go gcuidíonn sé sin leo. Chun an próiseas cneasaithe a éascú tá sé tábhachtach go dtabharfaí am agus spás chun é sin a dhéanamh. Cuireann eagraíochtaí éagsúla tacaíocht agus comhairle ar fáil maidir leis an gcomhairleoireacht sin. (Feic na Naisc, leathanach 11)

An Clár a chur i bhfeidhm

Réamhobair/Obair chomhthreomhar

Ba cheart an Clár Bí Sábháilte a theagasc i gcomhthéacs an oideachais shóisialta, phearsanta agus shláinte. Tá sé bunaithe ar na croí-ghnéithe seo a leanas, a bhfuil gach ceann díobh ina cuid lárnach den churaclam OSPS.

- Féinmheas páistí a chothú
- Muinín páistí a fhorbairt
- Cur ar chumas páistí a bheith treallúsach
- Cuidiú le páistí a mothúcháin a shainathint agus a chur in iúl.

I gcomhthéacs leathan seo an OSPS, comhábhar tábhachtach den chlár is ea an réamhobair/obair chomhthreomhar.

Mothúcháin

Sula dtugtar isteach na ceachtanna Bí Sábháilte, tá sé tábhachtach gur féidir le páistí mothúcháin éagsúla a ainmniú agus a aithint agus go bhfuil dóthain deiseanna acu chun topaic na mothúcháin a phlé go ginearálta. Is féidir na comhráite seo a chomhtháthú i rith an churaclaim in áiteanna mar fhorbairt teanga ó bhéal agus scríofa, drámaíocht, filíocht agus scéalta. Féadfaidh tuismitheoirí agus múinteoirí cabhrú le páistí foghlaim go gcabhraíonn ár mothúcháin linn muid féin a thuiscint níos fearr. Tá sé tábhachtach chomh maith go bhfoghlaimíonn páistí an tsí chun mothúcháin éagsúla a chur in iúl agus déileáil leo ar bhealach oiriúnach.

Tá ceachtanna breise sa chlár Misneach a chabhraíonn le daltaí ag gach leibhéal ranga chun mothúcháin a ainmniú, a aithint agus a thuiscint.

Féinmheas

Lena chinntiú go gcuirtear an clár in iúl i gceart, tá sé tábhachtach go n-úsáideann múinteoirí, tuismitheoirí agus daoine fásta suntasacha eile i saol an pháiste gach deis féideartha chun féinmheas agus muinín an pháiste a fhorbairt. Ba cheart dá bhféadfaí é na gníomhaíochtaí a chomhtháthú sa churaclam ar fad. Tá sé tábhachtach na straitéisí céanna a úsáid ar scoil agus sa bhaile. Tá féinmheas ard rithábachtach do shonas agus do shástacht páiste. Tá sé tábhachtach dá bhrí sin, go bhfuil an baile agus an scoil feasach ar fhorbairt chomhchuí féinluacha páistí a chur chun cinn. Teastaíonn grá, slándáil agus cúram ó gach páiste. Teastaíonn uathu chomh maith fíos a bheith acu go bhfuil meas orthu sa bhaile, ar scoil agus sa seomra ranga.

Treallús

Is é is treallús an cumas a bheith in ann seasamh suas do chearta an duine féin gan a bheith ionsaitheach. Tugtar cead do pháistí sna ceachtanna Bí Sábháilte “Níl” a rá i gcúinsí áirithe. Ar an mbealach seo, féadfaidh siad cabhrú chun treallús páistí a fhorbairt. Tá sé riachtanach go mbeadh comhoibriú agus caidreamh idir tuismitheoirí agus múinteoirí lena chinntiú go mbíonn comhsheasmhacht idir an baile agus an scoil.

Teorainneacha Pearsanta agus Spás Coirp

Teastaíonn ó pháistí muintearas a bhrath lena spás pearsanta féin agus le spás pearsanta daoine eile. Múintear do pháistí níos óige an bhrí atá le pearsanta agus le príobháideach. Iarrtar orthu chomh maith liosta a dhéanamh de dhaoine ar mhaith nó nár mhaith leo croí isteach a thabhairt dóibh nó lámh a chroitheadh leo, etc. Pléann páistí níos sine an riachtanas atá acu féin agus ag daoine eile le haghaidh spás agus príobháideachas ina saol.

Scileanna Sábháilteachta Eile

Sula gcuirtear scileanna sábháilteachta pearsanta in iúl do pháistí, smaoineamh maith a bheadh ann go mbeadh scileanna sábháilteachta atá ábhartha do réimsí eile mar sábháilteacht ar bhóithre; sábháilteacht uisce; sábháilteacht le cógais leighis, etc. foghlamtha ag páistí cheana féin.

Forbairt Teanga agus Stór Focal

Chun éifeachtacht na gceachtanna Bí Sábháilte a mhéadú, is fearr go mbeadh eolas ag na páistí ar an stór focal a úsáidfear sa cheacht sula dtosaíonn an ceacht.

Bunrialacha a leagan síos

Sula múintear ceachtanna Bí Sábháilte, d'fhéadfadh sé a bheith áisiúil do mhúinteoirí roinnt ama a chaitheamh ag leagan síos bunrialacha chun an clár a chur i bhfeidhm. D'fhéadfaí a áireamh sna rialacha sin: deis a thabhairt do gach duine labhairt; gan cur isteach ar dhaoine; meas ar a chéile agus ar na daoine fásta atá i gceannas; rúndacht; tacaíocht dá chéile; cothrom na féinne.

I ranganna Sóisearacha, d'fhéadfaí cúpla nóiméad ag tús gach ceachta a chaitheamh ag spreagadh daltaí chun úsáid a bhaint as ‘Éisteach leis an gCorp Uile’. Taispeáin do na páistí conas suí i gcomhair ‘Éisteach leis an gCorp Uile’.

I dtosach, cuirimid an dá chos ar an urlár, tóin ar an suíochán, lámha ar na glúine, cluasa oscailte, súile ag féachaint anseo, inchinn ar siúl. Anois tá muid ag éisteacht leis an gcorp uile.

Abair leis na daltaí suí mar sin ar feadh roinnt nóiméad chun éisteacht leis an gcorp uile a chleachtadh. Cé na fuaimeanna a chloiseann siad timpeall na scoile?

Tá ‘Amhrán na hÉisteachta’ (Le fonn Frere Jacques) le fáil in acmhainní an mhúinteora do Naíonáin (Acmhainní an Mhúinteora 1).

An Clár a theagasc

Ba cheart an clár Bí Sábháilte a theagasc ina iomláine thar scoilbhliain amháin. Cuireann gach topaic leis an bhfoghlaim ón topaic roimhe. Ba cheart go gcinnteodh múinteoirí, dá bhrí sin go múintear topaicí i ndiaidh a chéile, ag tosú le Topaic 1 agus ag oibriú tríothe chuig Topaic 5.

Ba cheart do scoileanna dá bhféadfaidís é oibriú tríd an gclár in aon bhloc amháin mar go bhfuil sé níos éifeachtaí ar an mbealach sin. Pleanálann go leor scoileanna a gclár oibre OSPS lena chinntiú go bhfuil an clár á dhéanamh ag gach rang ag an am céanna.

Úsáidtear cur chuige ilmheán sa chlár Bí Sábháilte chun foghlaim agus sealbhú coincheapa a bhreisiú. Mar aon le snáithe eile den churaclam OSPS, tá go leor den ábhar Bí Sábháilte bunaithe ar phróiseas agus ar phatrúin iompair a leagan síos. Dá bhrí sin, cuirtear béim sa phróiseas teagaisc ar fhoghlaim ghníomhach agus rólimirt. Ní leor go gcuimhníonn páistí ar na scileanna sábháilteachta pearsanta a fhoghlaimíonn siad ach is gá go mbeidís in ann na scileanna seo a úsáid ina saol gach lá.

D'fhoghlaim daltaí níos mó agus bhí siad ina máistrí níos fearr ar scileanna nuair a bhain an oiliúint leis na daltaí ag dul i ngleic le cleachtadh gníomhach, agus go ndearnadh cruthú agus atreisiú ina dbiaidh sin...

(Curaclam OSPS, Ich 8)

Cuireann am scoile don OSPS spás ar fáil do mhúinteoirí chun saincheistanna mothálacha a láimhseáil nó chun iniúchadh a dhéanamh ar shaincheistanna nach dtugtar aghaidh orthu i réimsí eile den churaclam. Tugann sé am agus scóip ar leith do dhaltaí chun scileanna áirithe a fhorbairt agus a chleachtadh chomh maith. Agus saincheistanna mothálacha á láimhseáil, luaitear i gcuraclam OSPS

'bheadh sé níos oiriúnaí, b'fhéidir, don mhúinteoir é a eagrú i mbloic ama agus úsáid a bhaint as de réir mar is gá seachas cloí le tréimhse ainmnithe ama i ngach seachtain.'

Tosaíonn gach topaic le breac-chuntas ar an gcaoi ar féidir an topaic a mhapáil thar an gcuraclam OSPS agus réimsí curaclaim ábhartha eile.

Trí chur chuige comhtháite a úsáid, beidh múinteoirí in ann a bheith solúbtha leis an amchlár le haghaidh am scoile.

Timthriall Dhá Bhliain OSPS

Cuirtear curaclam OSPS i láthair i dtrí shnáithe: *Mise, Mise agus Daoine Eile* agus *Mise agus an Domhan Mór*. Roinntear gach snáithe ansin ina shnáithaonaid. Tá naoi snáithaonad do gach rang ó na Naíonáin Shóisearacha go Rang a Dó agus deich snáithaonad do gach rang ó Rang a Trí ar aghaidh.

Snáitheanna	Snáithaonaid
Mise	Féinaithne Ag Tabhairt Aire do mo Chorp Ag Fás agus ag Athrú Sábháilteacht agus Cosaint Ag Déanamh Cinntí (Rang a 3 go 6)
Mise agus Daoine Eile	Mise agus mo Mhuintir Mo Chairde agus Daoine Eile Caidreamh le daoine eile
Mise agus an domhan mór	Oideachas na meán cumarsáide Ag forbairt Saoránachta

Ba cheart snáithe uile an churaclaim OSPS a theagasc thar thimthriall dhá bhliain. Molann CNCM go gcinntíonn múinteoirí go gclúdófaí snáithaonaid ó gach ceann de na trí shnáithe, *Mise, Mise agus Daoine Eile* agus *Mise agus an Domhan Mór*, i ngach scoilbhliain.

Forbraíonn go leor scoileanna plean dhá bhliana don OSPS, ag roinnt snáithaonaid ionas go mbíonn gach rang, ó na Naíonáin Shóisearacha go Rang a Sé ag clúdach na snáithaonaid chéanna ag an am céanna gach bliain.

Mar aon lena chinntiú go gclúdaítear gach snáithe agus snáithaonad mar a mholtar i dtreoirilínte curaclaim OSPS, cinntíonn an cur chuige seo go gclúdaíonn daltaí na snáithaonaid seo go cuí i ranganna ilghráid.

Dearadh an teimpléad forfheidhmithe seo a leanas don churaclam OSPS lena chinntiú go gclúdaítear gach snáithe agus gach snáithaonad mar a mholtar i dtreoirilínte curaclaim OSPS.

Léargas Ginearálta ar Ábhar chun OSPS a nascadh le Bí Sábháilte athbheithnithe

Snáitheanna	Snáithaonaid (Bliain 1)	Snáithaonaid (Bliain 2)
Mise	Féinaithne Sábháilteacht agus Cosaint Ag Déanamh Cinntí (Rang a 3 go 6)	Ag Tabhairt Aire do mo Chorp Ag Fás agus ag Athrú
Mise agus Daoine Eile	Mo Chairde agus Daoine Eile	Mise agus mo Theaghlac Caidreamh le daoine eile
Mise agus an domhan mór	Oideachas na Meán Cumarsáide	Ag Forbairt Saoránachta

Pleananna Ceachta Bí Sábháilte

Tá an clár Bí Sábháilte saincheaptha ó thaobh na forbartha de agus tá ceithre shraith ceachtanna ann atá oiriúnach do na Naíonáin, rang a 1 agus rang a 2, rang a 3 agus rang a 4, agus rang a 5 agus rang a 6. Tá an cur chuige comhoiriúnach le struchtúr an churaclaim OSPS. Roinntear na pleananna ceachta sna cúig Topaic Bí Sábháilte:

- Ag Mothú Sábháilte agus Neamhshábháilte
- Cairdeas agus Bulaíocht
- Tadhaill
- Rúin agus Insint
- Strainséirí

Tá na ceachtanna sa chlár Bí Sábháilte ar nós mar a bheadh fáinne ann, sa mhéid is go dtéitear siar ar ábhar den chineál céanna ag gach leibhéal agus tá na próisis, cur chuige agus faisnéis curtha in oiriúint le riachtanais páistí ag am ar leith agus ag a gcéimeanna éagsúlachta ullmhachta a léiriú.

Struchtúr na gCeachtanna

Ag tús gach topaice, tá bunús na topaice sin, an mhapáil ábhartha do réimse curaclaim eile agus stór focal rithabhachtach le fáil. Tá príomhtheachtaireachtaí, acmhainní riachtanacha, rún foghlama, réamhrá, forbairt an cheachta agus conclúid i ngach plean ceachta. Tá moltaí maidir le hobair leanúnach / forleathnúcháin i roinnt ceachtanna. Tá Bileoga Oibre agus Naisc Baile is Scoile le fáil ag deireadh gach topaice.

Tá lipéad agus uimhir ar Acmhainní an Mhúinteora (AM), bileoga oibre (BO) agus Naisc Baile is Scoile (BO/Nasc Baile is Scoile) do gach leibhéal.

Is féidir rochtain a fháil ar an ábhar agus ar na hacmhainní teagaisc don chlár Bí Sábháilte ar an DVD a ghabhann leis agus Acmhainní an Mhúinteora atá ar fáil ar www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clár-Bí-Sabhailte

Cur Chuige agus Modhanna Teagaisc

Mar aon le snáithe den churaclam OSPS, tá go leor den ábhar Bí Sábháilte bunaithe ar phróiseas agus ar phatrúin iompair a leagan síos. Dá bhrí sin, cuirtear béim sa phróiseas teagaisc ar fhoghlaim ghníomhach agus rólímirt. Ní leor go gcuimhníonn páistí ar na scileanna sábháilteachta pearsanta a fhoghlaimíonn siad ach is gá go mbeidís in ann na scileanna seo a úsáid ina saol gach lá.

Cuirtear na pleananna ceachta in oiriúint ó thaobh na forbartha de. Úsáidtear cur chuige ilmheán sa chlár chun foghlaim agus sealbhú coincheapa a bhreisiú. Cuirtear coincheapa i láthair de réir a chéile. Forbraítear go nádúrtha gach ceacht nua bunaithe ar an gceacht roimhe sin.

I rith an chláir, úsáidtear cur chuige agus modhanna teagaisc cosúil le plé ranga/grúpa, foghlaim ghníomhach, obair chiorcail, rólímirt, foghlaim chomhoibritheach, réiteach fadhbanna, scileanna trí ábhar, cluichí comhoibritheacha, drámaíocht agus ealaín, chun rannpháirtíocht dalta a spreagadh agus chun foghlaim a chur chun cinn.

Measúnú

Is éard is measúnú ann ná an próiseas trína dhéantar eolas a bhailiú, a thairgeadh, a léirmhíniú, a úsáid agus a thuairisciú faoi dhul chun cinn agus faoi ghnóthachtáil páiste maidir le forbairt a n-eolas, a gcuid scileanna agus a gcuid meonta. (CNCM, 2007, Lch7).

Tugtar breac-chuntas Measúnú i gCuraclam na Bunscoile - Treoirínte do scoileanna (CNCM) ar chuspóir an mheasúnaithe mar rud ‘a thugann pictiúr’ de dhul chun cinn agus/nó gnóthachtáil páiste thar am. Baineann measúnú, mar sin le faisnéis a bhailiú chun tuiscint níos fearr a fháil ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag páiste agus an fhaisnéis seo a úsáid chun foghlaim an pháiste a bhreisiú. Dirítear sna treoirínte seo ar dhá chur chuige prionsabail le Measúnú:

- Measúnú ar an bhFoghlaim
- Measúnú chun Foghlama

Aithnítear sna treoirilínte measúnaithe nach ‘féidir gach rud a fhoghlaimíonn páiste a mheasúnú agus ní gá’ (CNCM, 2007, lch 12). Anuas air sin, luaitear sa churaclam OSPS:

In an-chuid cásanna tiocfaidh fíor-iarmhairt na foghlama in OSPS i bhfeidhm i bhfad tar éis don pháiste an bhunscoil a fhágáil. Mar an gcéanna, braithefidh gnóthú go leor de chuspóirí an churaclaim ar aibíocht mbothúcháinach, intleachtúil agus shóisialta an pháiste sa chaoi gur féidir difríochtaí móra a bheith sna rátaí dul chun cinn ó pháiste go chéile.

Is deacair freisin measúnú a dhéanamh ar éifeacht teachtaireachtaí pearsanta, sóisialta agus sláinte ar an bpáiste aonair agus ar an dóigh a ndéanann sé/sí an fhoghlaim a inmheánú.’ (Curaclam OSPS, lch 71)

Ach, is féidir roinnt modhanna measúnaithe, bunaithe ar na treoirilínte um Measúnú, lena n-áirítear dírbhreathnú an mhúinteora, comhdháil, ceistiú, mapáil choincheapa, féinmheasúnú, measúnú punainne, agus tascanna a dhearann an múinteoir a úsáid i rith an chláir

Tá tuilleadh faisnéis maidir le measúnú ar fud an churaclaim OSPS le fáil ag http://www.ncca.ie/uploadedfiles/IRISHPDF/SPHE_Cur.IR.pdf

An seans go bhféadfaí nochtadh a dhéanamh

Mar gheall gurb é an teachtaireacht bhunúsach atá sa chlár Bí Sábháilte go bhféadfaidh agus gur cheart do pháistí insint do dhuine fásta má tá fadhb acu, d’fhéadfadh sé go bhfaigheadh páiste sa rang misneach le dul i muinín múinteora. Ba cheart go mbeadh eolas ag múinteoirí ar nósanna imeachta na Roinne Oideachais maidir le freagairt go cuí d’amhras nó nochtadh maidir le mí-úsáid páiste.

Páistí a ngoilleann mí-úsáid orthu

Mar gheall nach mbíonn a fhios ag scoileanna faoi pháistí áirithe a ndearnadh nó a bhfuil mí-úsáid á déanamh orthu faoi láthair, is fearr a bheith cúramach i gcónaí. I gcás ina bhfuil a fhios ag an scoil faoi chás ar leith, tá sé ríthábhachtach go labhrófaí le teaghlach an pháiste. D’fhéadfadh páistí a ndearnadh mí-úsáid orthu comharthaí anacra a léiriú agus b’fhéidir go mbeidís ag iarraidh é a insint arís nó labhairt faoina mí-úsáid. Is gá socruithe cuí a dhéanamh chuige seo sula dtéitear ar aghaidh leis na ceachtanna. D’fhéadfadh roinnt páistí faoiseamh a chur in iúl tar éis na gceachtanna. D’fhéadfadh sé seo tarlú mar gheall go dtuigeann siad go ndearnadh an rud céanna le páistí eile. Cabhraítear agus tacaítear freisin le páistí a ndearnadh mí-úsáid orthu nuair a deirtear leo nach orthu féin a bhí an locht faoin mí-úsáid.

Rannpháirtíocht Tuismitheoirí

Tá comhpháirtíocht le tuismitheoirí ina gné ríthábhachtach i gcur chun cinn agus i dtógáil scileanna saoil. Tá sé léirithe ag taighde go bhfuil nasc díreach ag rannpháirtíocht tuismitheora i gclár um chosc mí-úsáide le rath níos mó an chláir. Is é is cúis leis seo an chumarsáid mhéadaithe idir an tuismitheoir/cúramóir agus an páiste maidir le saincheisteanna mothálacha agus mí-úsáid. Anuas air sin, má bhíonn tuismitheoirí rannpháirteach, tugtar níos mó deiseanna do pháistí chun na coincheapa agus na teachtaireachta a fhoghlaimíonn siad a athrá.

Tá rannpháirtíocht tuismitheora ina cuid ríthábhachtach den chlár i dtéarmaí atreisithe agus leanúnachais.

Áirítear Nasc Baile is Scoile ar gach topaic síos tríd an gclár. Cuirfidh na Nasc Baile is Scoile seo tuismitheoirí/cúramóirí ar an eolas maidir leis na topaicí agus na ceachtanna ar leith atá á bplé sa rang agus conas is féidir na teachtaireachtaí a atreisiú sa bhaile.

Tá sé de cheart ag tuismitheoirí rogha a dhéanamh a bpáiste/bpáistí a thógáil amach as aon cheann de ghnéithe goilliúnacha an chláir OSPS, lena n-áirítear Bí Sábháilte más mian leo é sin a dhéanamh. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go gcuireann scoileanna tuismitheoirí/cúramóirí ar an eolas go bhfuil Bí Sábháilte á chur i bhfeidhm sa scoil. Déantar é seo de ghnáth nuair a chuirtear na páistí ar an rolla. Ba cheart do thuismitheoirí teagmháil a dhéanamh leis an scoil má bhíonn aon cheisteanna acu nó aon imní orthu maidir le rannpháirtíocht a bpáiste sa chlár. Ba cheart do scoileanna oibriú le tuismitheoirí i dtaca le haon cheisteanna nó imní a d’fhéadfadh a bheith orthu. Ní gá toiliú tuismitheora a fháil i scríbhinn sula dtosaítear ag teagasc Bí Sábháilte. Ach, i gcás go dtarraingíonn tuismitheoir siar a pháiste ó rannpháirtíocht sa chlár, moltar do scoileanna taifead scríofa a choinneáil de na cúiseanna go ndearnadh sin.

Dea-chleachtas é chomh maith a chur in iúl do thuismitheoirí/chúramóirí sula dtosaíonn ceachtanna trí théacs nó nóta a sheoladh chucu. Féadfaidh tuismitheoirí ábhar na gceachtanna Bí Sábháilte a léamh ag www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte.

Tagairtí

Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-Bhunscoile ciorclán 45/2013

Brassard agus Fiorvanti: School Based Child Abuse Prevention Programs, Psychology in the Schools, Iml. 52(1), 2015

Davies, E. A., & Jones, A. C. (2013). Risk factors in child sexual abuse. Journal of Forensic and Legal Medicine, 20(3), 146-150.

An Roinn Oideachais agus Scileanna, Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile 2011

An Roinn Oideachais agus Scileanna, Gnásanna Frithbhulaíochta, 2013; 1.1

An Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige, Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí, 2011

McGee H, Garavan R, deBarra M, Byrne J, Conroy R. Tuarascáil SAVI. Sexual Abuse and Violence in Ireland. A national study of Irish experiences, beliefs and attitudes concerning sexual violence. Baile Átha Cliath: Liffey Press, 2002

Kenny et al (2008). Child sexual abuse: From prevention to self-protection. Child Abuse Review, 17, 36–54.

MacIntyre, D. & Carr, A. (1999). The effects of child sexual abuse. Journal of Child Centred Practice, 6, (1), 87-126.

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais (2014). Preventing school bullying of children with Special Educational Needs or Disability. Baile Átha Cliath: NDA.

CNCM, Measúnú i gCuraclam na Bunscoile: Treoirlínte do Scoileanna (2007)

Putnam, F. W. (2003). Ten-year research update review: Child sexual abuse. Journal of the American Academy of Child & Adolescent Psychiatry, 42(3), 269-278.

Líonra Éigeandála um Éigniú na hÉireann, Staitisticí Líonra Éigeandála um Éigniú, 2014

Tusla, An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, Tuarascáil Bhliantúil 2015

UK Department for Children, Schools and Families, Safeguarding disabled children: practice guidance (2009)

Naisc

An tIonad Frithbhulaíochta

Bunaithe in DCU, déanann an tIonad Frithbhulaíochta (ABC) taighde maidir le bulaíocht ar scoil, bulaíocht san ionad oibre, bulaíocht homafóbach agus cibearbhulaíocht.
<http://www4.dcu.ie/abc/index.shtml>

Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile (An Roinn Oideachais agus Scileanna)

<http://www.education.ie/ga/Scoileanna-Coláistí/Eolas/Bulaíocht/Gnásanna-Frithbhulaíochta-i-Scoileanna.html>

Barnardos

Eagraíocht a chuireann teiripe ar fáil do pháistí a ndearnadh mí-úsáid ghnéasach orthu, agus seirbhísí tacaíochta, lena n-áirítear comhairleoireacht, do theaghlaigh agus do ghrúpaí a dtéann mí-úsáid i bhfeidhm orthu.

1850 222 300

www.barnardos.ie

Fondúireacht CARI

Cuireann Fondúireacht CARI seirbhís ar fáil d'íospartaigh mhí-úsáide agus do bhaill a gcuid teaghlach nach mbaineann mí-úsáid astu.

1890 924567

<http://www.cari.ie/>

Childline

Seirbhís í seo atá á reáchtáil ag Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí (ISPCC) le haghaidh aon pháiste atá i dtrioblóid nó i mbaoil. Tá seirbhís tacaíochta téacs ag Childline – seol teachtaireacht téacs ‘Talk’ chuig 50101. Tá seirbhís téacs speisialta ar fáil do dhaoine óga a bhfuil bulaíocht á déanamh orthu, seol teachtaireacht téacs ‘Bully’ chuig 50101.

1800 66 66 66

www.childline.ie

Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí

http://www.sphe.ie/childprodownloads/sphe_chilpro_05_irish.pdf

Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile (An Roinn Oideachais agus Scileanna)

http://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Information/Child-Protection/cp_procedures_primary_post_primary_2011.pdf

Ionad Éigeandála um Éigníú Bhaile Átha Cliath

Tairgeann Ionad Éigeandála um Éigníú Bhaile Átha Cliath raon leathan seirbhísí do mhná agus d'fhir a gcuireann éigníú, ionsaí gnéasach, ciapadh gnéasach nó drochúsáid ghnéasach leanaí isteach orthu. Áirítear líne chabhrach náisiúnta a bhíonn ar fáil 24 uair an chloig in aghaidh an lae leis na seirbhísí.

1800 77 88 88

www.drcc.ie

Clár Bunscoileanna an Gharda Síochána

Tugann Gardaí pobail, mar chuid de Chlár Scoileanna na nGardaí, cainteanna uathu ar a dtugtar “Cumarsáid ar Líne le Meas”, a dhírítear ar dhaltai i rang a 5. Clúdaíonn siad raon topaicí lena n-áirítear cibearbhulaíocht agus ceisteanna ginearálta slándála agus sábháilteachta ar líne.

Más mian leat teacht ar cheann de na cainteanna sin, déan teagmháil leis an stáisiún Gardaí is gaire duit, nó le Clár Scoileanna na nGardaí ar 01 6663891.

Hotline.ie

Soláthraíonn hotline.ie áis gan ainm don phobal chun ábhar mídhleathach a bhfuil amhras faoi agus a fheictear ar an idirlíon a thuairisciú.

www.hotline.ie

1890 610 710

Líne Chabhrach LGBT

Cuireann an Líne Chabhrach LGBT tacaíocht éisteachta agus seirbhís faisnéise ar fáil do dhaoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha agus trasinscneacha mar aon lena dteaghlaigh agus a gcairde.

Teil. 1890 929 539

www.lgbt.ie

An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM)

Na hacmhainní a forbraíodh le tacú le Seimineáir agus Seisiúin Faisnéise um Chosaint Leanaí de chuid SFGM. Tá naisc ar na leathanaigh seo chomh maith chuig suíomhanna idirlín agus ábhair éagsúla a thacaíonn le forfheidhmiú iomlán ‘Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí’ agus ‘Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile’ de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna.

<http://www.pdst.ie/Child-Protection-Guidelines-Home>

Ábhar Tacaíochta Frithbhulaíochta SFGM

Tá sé i gceist go n-úsáidfeadh scoileanna ábhar tacaíochta frithbhulaíochta SFGM le cuidiú chun Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-Bhunscoile na Roinne Oideachais agus Scileanna (2013) a fhorfheidhmiú.

<http://www.pdst.ie/ga/node/4610>

Bulaíocht Homafóbach agus Thrasfóbach a Chosc: Foilseachán INTO

Atmaisféar scoile atá fáilteach agus dearfach a chruthú chun bulaíocht homafóbach agus trasfóbach a chosc

https://www.into.ie/ROI/Publications/GLEN_Irish_Final.pdf

One in Four

Tugann One in Four tacaíocht d'fhir agus do mhná a ndearnadh mí-úsáid ghnéasach orthu ina bpáistí. Tá sé mar aidhm ag an eagraíocht an mhinicíocht mí-úsáide gnéasaí a laghdú trí idirghabháil i bpríomhréimsí de thimthriall na mí-úsáide.

www.oneinfour.ie

Líonra Géarchéime um Éigniú na hÉireann

Is ionad speisialta eolais agus acmhainní ar éigniú agus gach cineál foréigin ghnéasaigh é Líonra Géarchéime um Éigniú na hÉireann.

www.rcni.ie

Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG)

Acmhainní agus ábhair teagaisc le tacú le múinteoirí bunscoile agus scoileanna i bhforbairt beartas OCG agus i bhforfheidhmiú OCG i gcomhthéacs an churaclaim OSPS.

<http://www.pdst.ie/node/811>

An tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta

Comhordaíonn, forbraíonn agus seachadann an tseirbhís seo raon tionscnamh agus struchtúr tacaíocht forbartha gairmiúil do phearsanra scoile atá ag obair le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna príomhshrutha, i scoileanna speisialta agus i ranganna speisialta.

<http://www.sess.ie>

An Clár Bí Sábháilte

Teach an Droichid, Ospidéal Ghort na Silíní, Baile Átha Cliath 10.

076 695 5547

www.staysafe.ie

TUSLA: An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach

Tá an phríomhfhreagracht ar an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach sábháilteacht agus folláine leanaí a chur chun cinn. Ba cheart an ghníomhaireacht a chur ar an eolas i gcónaí nuair a bhíonn fothaí imní réasúnacha ag duine go bhféadfadh sé go ndearnadh mí-úsáid nó faillí ar pháiste, go bhfuil mí-úsáid nó faillí á dhéanamh ar pháiste nó go bhfuil páiste i mbaol mí-úsáide nó faillí. Tá sonraí teagmhála d'oibrithe sóisialta na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach ar fáil ag:

<http://www.tusla.ie/services/child-protection-welfare/contact-a-social-worker/>

An Clár Misneach

Acmhainní don seomra ranga le tacú le forfheidhmiú an churaclaim ar Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS). Díritear sa chlár ar oideachas a chur ar dhaoine óga faoi na contúirtí a bhaineann le mí-úsáid na ndrugaí is coitianta, go háirithe alcól agus nicitín. Leathnaíonn clár athbhreithnithe Misneach an bunfhócas chun gnéithe de shaol páistí a chur san áireamh, cosúil le sábháilteacht phearsanta agus forbairt i dtreo caitheachais.

<http://www.pdst.ie/walktall>

Webwise

Is é Webwise Ionad na hÉireann um Fheasacht ar Shábháilteacht Idirlín. Cuireann sé acmhainní teagaisc agus comhairle ar fáil maidir le topaicí sábháilteachta Idirlín, lena n-áirítear cibearbhulaíocht agus na meáin shóisialta.

www.webwise.ie

Aguisín A

A Thuismitheoir dhil,

Tá sé beartaithe againn clár oideachais ar shábháilteacht phearsanta a theagasc sna seachtainí beaga atá amach romhainn dar teideal Bí Sábháilte. Is éard is aidhm leis an gclár Bí Sábháilte ná scileanna sábháilteachta pearsanta a bheidh de dhíth orthu a theagasc do pháistí le go mbeidh siad in ann iad féin a iompar i gcásanna a bheadh goilliúnach nó contúirteach. Pléitear ann i dtosach cásanna coitianta a mbeidh ar bhunús na bpáistí déileáil leo in am éigin, m.sh. iad ag dul ar strae nó duine ag imirt bulaíocht orthu. Múineann an clár do pháistí chomh maith, na scileanna sábháilteachta a bheidh ag teastáil uathu le hiad féin a chosaint ar mhí-úsáid ghnéasach nó chorportha agus cuirfear béim ar a thábhachtaí agus atá sé aon fhadhbanna a bheadh acu a chur in iúl do dhuine fásta a bhfuil muinín acu as nó aisti.

Is cuid den churaclam Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte é an clár Bí Sábháilte agus iarrtar ar gach bunscoil é a chur i bhfeidhm. Tá sé riachtanach go mbeadh comhoibriú idir tuismitheoirí agus múinteoirí ionas go n-éireoidh leis an gclár seo. Tá sé tábhachtach go mbeadh tuismitheoirí ar an eolas faoi ábhar na gceachtanna Bí Sábháilte agus go mbeadh siad in ann na ceachtanna a phlé lena gcuid páistí. B'fhéidir go dtabharfadh do pháiste bileoga oibre abhaile a thabharfaidh treoir duit maidir leis na topaicí atá á bplé sa rang agus conas is féidir leat na teachtaireachtaí a atreisiú sa bhaile.

Féadfaidh tú ábhar na gceachtanna Bí Sábháilte a léamh agus dul i gcleachtadh orthu ag www.staysafe.ie/teachers/resources.htm. Téigh i dteagmháil leis an scoil más mian leat an clár a phlé tuilleadh.

Go raibh maith agat as comhoibriú linn,

An Múinteoir Ranga



COMHTHÁTHÚ AR FUD AN CHURACLAIM

Tabhair faoi deara: Cuirtear tús le gach topaic le breac-chuntas ar an gcaoi a mapáiltear an t-inneachar chuig na snáitheanna agus na snáithaonaid shonracha den churaclam OSPS

Curaclam Teanga na Bunscoile

SNÁITHE:

Gné:

TEANGA Ó BHÉAL

Cumarsáid

- Spéis agus comhaird a léiriú agus bheith ag éisteacht agus ag freastal go gníomhach ar mhaithe le sult agus le cuspóir faoi leith
- A aithint go n-athraíonn an stíl chainte ag brath ar an ngaol idir daoine agus ar an lucht éisteachta agus tuiscint a léiriú ar riachtanais an éisteora agus comhráite ar thopaicí pearsanta agus ar thopaicí curaclaim a thosú, a leanúint, páirt a ghlacadh iontu agus freagra a thabhairt ar dhaoine eile i bhfocail nó go neamhbhriathartha le tacaíocht de réir mar is gá.
- Teanga a úsáid go muiníneach chun oibriú i bpáirt le daoine eile agus torthaí na hoibre a roinnt le lucht éisteachta a aithníonn siad agus nach n-aithníonn siad

Gné:

Tuiscint

- Úsáid a bhaint as straitéisí éagsúla ar nós geáitsí an chainteora, tuin chainte, focail atá ar eolas cheana, pictiúir, struchtúr na habairte, sainmhíniú agus cur síos chun tuiscint ar fhocail nua a léiriú agus iad a úsáid
- Úsáid a bhaint as foclóir agus frásaí ó bhéal, ina measc teanga a bhaineann le téacs, agus le topaic agus teanga a bhaineann go sonrach le hábhar ar leith, agus teanga gan chomhthéacs a chur in iúl agus a úsáid
- Tuiscint a léiriú trí threoracha a thabhairt agus a leanúint, insintí, míniúcháin agus cur síos a thuiscint, agus cás a dhéanamh go soiléir, lena n-áirítear tuairimíocht a dhéanamh, hipitéis a thabhairt, údar a thabhairt, idirbheartaíocht a dhéanamh, argóint a dhéanamh agus gearán a dhéanamh

Gné:

Fiosrú agus Úsáid

- Riachtanais agus sainroghanna pearsanta a léiriú, agus iarratais a dhéanamh go muiníneach.
- Ceisteanna oscailte agus dúnta a chur agus a fhreagairt, chun cabhair a lorg, cabhrú le heolas agus tuiscint a fháil agus chun smaointeoireacht a shoiléiriú agus a leathnú.
- Réimse daoine, rudaí, imeachtaí agus eispéireas a ainmniú, iad a chatagóiriú agus eolas níos doimhne ar an ábhar agus níos mó tuisceana ina leith a léiriú
- Scéalta agus insintí pearsanta a bhíonn ag dul chun castachta a insint agus a athinsint san ord ceart do lucht éisteachta a aithníonn siad agus nach n-aithníonn siad agus iad ag úsáid aimsirí agus stór focal ó bhéal cuí.
- Pointí eolais a sholáthar agus a mhíniú, agus údar a thabhairt leo do lucht éisteachta a aithníonn siad agus nach n-aithníonn siad, ag úsáid teanga shainiúil an ábhair.
- Cur síos a dhéanamh ar ghníomhartha, ar imeachtaí agus ar phróisis a bhaineann le fíor-chomhthéacsanna agus le comhthéacsanna samhlaíocha

SNÁITHE:

Gné:

LÉITHEOIREACHT**Cumarsáid**

- Páirt a ghlacadh i léitheoireacht agus sult a bhaint as bheith ag éisteacht léi, agus labhairt faoi bhrí agus faoi léirmhíniú focal scríofa agus léaráidí le daoine eile

Gné:

Fiosrú agus Úsáid

- Sonraí tábhachtacha i dtéacs a thabhairt chun cuimhne, iad a phlé agus a athinsint san ord ceart agus na príomhphointí eolais i dtéacs
- Dul i ngleic le téacs agus brí a bhaint as trí raon straitéisí tuisceana a úsáid le linn obair a dhéanamh go neamhspleách nó i bpáirt

Ceol

SNÁITHE:

Snáithaonad:

LÉIRIÚ**Amhránaíocht**

- Amhráin agus foinn choitianta a aithint ó fhoinsí eile agus a chanadh

Drámaíocht

SNÁITHE:

Snáithaonad:

DRÁMAÍOCHT CHUN MOTHÚCHÁIN, EOLAS AGUS IDÉANNA A INIÚCHADH, D'FHONN TUISCINT A CHOTHÚ**Fiosrú agus déanamh Drámaíochta**

- Cumas a fhorbairt feidhmiú i ról mar chuid dhílis den ghníomhaíocht

Snáithaonad:

Léirsmoineamh ar Dhrámaíocht

- An coibhneas atá idir scéal, téama agus taithí an tsaoil a eispéiriú
- Na léargais a gnóthaíodh i rith na drámaíochta a roinnt le daoine eile

Na hAmharcealaíona

SNÁITHE:

Snáithaonad:

CRÉ**Forbairt foirme i gcré**

- Foirm chré a dhéanamh agus a oibriú leis na méara chun rud a chur in iúl

Snáithaonad:

Líníochtaí a Dhéanamh

- Líníochtaí bunaithe ar mhothúcháin a thabharfaí chun cuimhne go grinn, ar dhearbheispéireas, ar eispéireas samhlaíoch agus ar scéalta a dhéanamh

Snáithaonad:

Breathnú agus Freagairt

- A s(h)aothar féin, saothar páistí eile agus saothar ealaíontóirí a bhreathnú agus a phlé

Eolaíocht

SNÁITHE:

Snáithaonad:

DÚILE BEO**Mise**

- Baill bheatha an fhireannaigh agus an bhaineannaigh a aithint
- Na céadfaí ar fad (tadhall, boladh, radharc, blas, éisteacht) a úsáid chun eolas a chur ar imshaoil agus chun iad a iniúchadh

Topaic 1

Ag Mothú Sábháilte agus Neamhshábháilte

Réasúnaíocht don Topaic

Bíonn réimse mothúchán difriúil ag amanna difriúla againn ar fad. Caithfidh páistí foghlaim cén chaoi raon mothúchán a aithint thar a chéile agus ainm a lua leo. Is scil saoil thábhachtach é tuiscint a fháil ar mhothúcháin agus iad a chur in iúl agus a láimhseáil go cuí.

Sa topaic seo, foghlaimíonn na páistí go dtugann a gcuid mothúcháin treoir dóibh maidir lena dtaithí saoil. Foghlaimíonn siad cén chaoi idirdhealú a dhéanamh idir a bheith ag mothú sábháilte agus neamhshábháilte le go bhfreagróidh siad ar shlí a chothóidh a gcuid sábháilteachta agus cosanta féin. Mar chuid de sin, foghlaimíonn siad rialacha sábháilteachta agus straitéisí cleachtaidh ar féidir leo a úsáid má mhothaíonn siad go bhfuil siad i gcontúirt.

bí
sábháilte



MAPÁIL LEIS AN GCURACLAM OSPS

SNÁITHE:

Snáithaonaid:

MISE

Féinaithne

Féinfheasacht

- Na gnéithe go léir is cúis le duine a bheith speisialta agus sainiúil a phlé agus a léirthuisint.
- Sainroghanna pearsanta a aithint agus a thaifeadadh

Ag forbairt féinmhuiníne

- A c(h)uid tuairimí, dearcthaí agus roghanna féin a chur in iúl

Ag déanamh cinntí

- Roghanna a dhéanann sé/sí gach lá a aithint mar aon leis na cinn a dhéanann daoine eile
- Tosú ar fheasacht a fhorbairt ar na tosca a mbeadh tionchar acu ar chinnteoireacht nó roghanna pearsanta a phlé

Snáithaonaid:

Aire a Thabhairt do mo Chorp

Bheith eolach ar mo chorp

- Meas a léiriú ar a chorp/a corp féin agus ar chorp daoine eile
- Codanna den chorp fireann is den chorp baineann a ainmniú, ag úsáid téarmaí anatamaíocha oiriúnacha
- A thuiscint go bhfuil roinnt freagrachta ar gach duine as aire a thabhairt dó/di féin.

Snáithaonaid:

Ag Fás agus ag Athrú

Braistintí agus Mothúcháin

- Mothúcháin ilghnéitheacha a ainmniú agus labhairt faoi staideanna ina bhféadfaí dul tríothu
- Na slite ilghnéitheacha ina ndéantar braistintí a chur in iúl agus a bharraíocht a iniúchadh
- Tús a chur le mothálacht maidir le mothúcháin daoine eile agus a thuiscint gur féidir le gníomhartha duine amháin tionchar a imirt ar bhraistintí duine eile
- Ócáidí a dtig leis/léi mothúcháin dheimhneacha a chothú ann/inti féin a iniúchadh agus a phlé

Snáithaonaid:

Sábháilteacht agus Cosaint

Sábháilteacht Phearsanta

- Straitéisí oiriúnacha sábháilteachta a iniúchadh
- Staideanna agus áiteanna sábháilte a aithint, mar aon leo siúd ina mbeadh sábháilteacht phearsanta i mbaol
- A thuiscint conas is féidir le daoine eile a áiteamh air/uirthi páirt a ghlacadh in iompar baolach

Snáithaonaid:

Saincheisteanna Sábháilteachta

- A aithint agus a thuiscint go bhfuil gá le rialacha chun daoine a chosaint agus a choinneáil sábháilte

Stór focal

Stór Focal molta le haghaidh Naíonán ar Mhothúcháin

SÁSTA BRÓNACH TRÍNA CHÉILE AR BÍS SCANRAITHE FEARGACH

Ba cheart go dtuigfeadh agus go n-úsáidfeadh na daltaí an stór focal molta seo le haghaidh mothúcháin. Ba cheart go bhfoghlaimoidís freisin cén réimír dhiúltach is ceart a úsáid chun a mhalairt céille a chur in iúl más cuí sin, mar shampla: compordach – míchompordach; sásta – míshásta; cabhrach – doicheallach, srl.

Topaic 1 Ceacht 1

Mothúcháin

Tá Acmhainní an Mhúinteora ar fáil ar an DVD a ghabhann leis an gceacht nó ar líne ag www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Tá sé tábhachtach go gcaithfeá súil roimh ré ar an ábhar go léir, lena n-áirítear ceachtanna, scéalta, físeáin agus naisc ghréasáin, sula múineann tú na ceachtanna seo.

Nóta don Mhúinteoir:

Tá sé tábhachtach go dtuigean daltaí go dtosaíonn roinnt de na mothúcháin leis an réimír 'neamh' nó 'mí'. Mar shampla, nuair nach motháimid sásta, is féidir linn a rá go motháimid míshásta. Nuair nach motháimid compordach, is féidir linn a rá go motháimid míchompordach.



Príomhtheachtaireachtaí

Ba cheart go gcuirfí ar chumas na ndaltaí an méid seo a leanas a fhoghlaim:

- Tá ár gcuid mothúchán go léir, fiú na cinn nach dtaitníonn linn, tábhachtach
- Go bhfuil mothúcháin cosúil le teachtaireachtaí.

Acmhainní

AM 1: An tAmhrán Éisteachta

AM 2: Gnúiseanna Mothúchán

BO 1: Tarraing Mothúchán

AM 3: Nasc Físeáin

Réamhrá

Cuspóir Foghlama: Inniu, beimid ag foghlaim go bhfuil ár gcuid mothúchán cosúil le teachtaireachtaí agus go bhfuil gach ceann dár gcuid mothúchán tábhachtach.

AM 1 - An tAmhrán Éisteachta: Can an tAmhrán Éisteachta leis na daltaí – féach Lámhleabhar an Mhúinteora, Lch 5.

Gabh siar ar aon obair a rinneadh cheana ar mhothúcháin – díriú isteach ar stór focal na mothúchán atá molta le haghaidh Naíonán. Úsáid pictiúir, nó, scéal a bhfuil siad eolach air chun mothúcháin a chur i gcuimhne do na páistí agus pléigh an dóigh a n-athraíonn mothúcháin na gcarachtar de réir mar a thiteann an scéal amach, mar shampla, tá Cochaillín Dearg sásta agus í ag imeacht le bualadh le Mamó ach tagann eagla uirthi nuair a bhuaileann sí leis an mac tíre.

Forbairt

Mothúcháin

AM 2 - Gnúiseanna Mothúchán: Amharc ar gach ceann de na gnúiseanna mothúchán in éineacht leis an rang. Iarr ar na daltaí an mothúchán a ainmniú agus plé a dhéanamh ar an ngné áirithe de dhealramh an duine a chabhraigh leo cinneadh ar an mothúchán.

Is féidir na Gnúiseanna Mothúchán a phriontáil amach agus a úsáid chun searaidí a imirt. Tabhair cárta nó pictiúr Gnúis Mothúcháin do gach grúpa agus abair leo go bhfuil cúpla nóiméad acu lena chleachtadh, agus gan ach a gcorp féin a úsáid, cén dóigh ar féidir leo an mothúchán sin a léiriú don chuid eile den rang. Ansin, bíonn seal ag gach grúpa chun 'an mothúchán a léiriú' agus bíonn ar an gcuid eile den rang a thomhas cén mothúchán atá ann.

Déan plé leis na daltaí ar na gnéithe de ghnúis na ndaltaí eile a thug orthu teacht aníos leis an mothúchán ceart.

BO 1 - Tarraing an Mothúchán: Bíonn na daltaí ag obair ina n-aonar nó i mbeirteanna. Priontáil agus lannaigh an bhileog oibre. Tabhair aghaidh

ghlan do gach dalta nó beirt dhaltaí agus iarr orthu taos a úsáid chun ‘Gnúis Mothúcháin’ a dhéanamh – Sásta, Brónach, Trína Chéile, Ar bís, Scanraithe, Feargach.

Sin, nó d’fhéadfadh na daltaí cláir bhána a úsáid chun ‘Gnúis Mothúcháin’ a tharraingt.

Péireáil agus Roinn: Nuair a bheidh na daltaí críochnaithe lena bpictiúr den ghnúis mothúcháin, tabhair deis dóibh lena bpictiúr a roinnt leis an bpáiste atá taobh leo nó lena ngrúpa. Úsáid an abairt:

“Seo _____. Tá _____ air mar _____.”

Mar shampla, “Seo Tomás. Tá sé trína chéile mar nach féidir leis a liathróid a aimsiú”.

Iarr ar chuid de na daltaí a nGnúis Mothúcháin a thaispeáint agus a mhíniú don chuid eile den rang.

Bíonn mothúcháin ag athrú i rith an ama.

Nuair a tharlaíonn rud maith, cuireann sé áthas orainn nó bímid ar bís. Má tharlaíonn drochrud dúinn, cuireann sé brón nó eagla orainn. Athraíonn ár gcuid mothúchán an t-am ar fad – uaireanta bímid sásta, uaireanta bímid brónach nó uaigneach nó feargach.

Is féidir linn a rá cén chaoi a motháimid, ach tuigtear sin freisin ón gcuma atá orainn agus ón gcaoi a n-iompraímid muid féin.

Iarr ar chúpla dalta cárta mothúchán a thógáil agus an mothúchán sin a léiriú trína ndreach nó a seasamh a athrú.

Tá sé tábhachtach a chur ina luí orthu go bhféadfadh sé, in amanna, nach mbeadh a fhios ag daoine eile cén chaoi a motháimid mura ndeirimid leo.

Conclúid

Is geall le teachtaireachtaí iad mothúcháin, rud a insíonn dúinn cén chaoi a bhfuilimid inár gcroí istigh. Ní gá gur dea-rud ná gur drochrud iad.

Tá sé tábhachtach go mbeadh aird againn ar ár mothúcháin agus go ndéanaimid iarracht a thuiscint cén fáth a mbíonn na mothúcháin seo againn.

Gníomhaíocht: Roghnaigh ceann de na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- Déan babhta leis an rang de ‘Motháim sásta sa bhaile/ar scoil nuair...’
Bíonn deis ag gach dalta an abairt a chríochnú ach cuir ina luí orthu go bhfuil sé maith go leor murar mhaith leo aon rud a rá.
- **AM 3 – Nasc Físeáin:** Amharc ar cheann de na gearrthóga gearra físe ar mhothúcháin.



Obair Fairsingithe

Cuir Gnúiseanna Mothúcháin na ndaltaí ar taispeáint ar an gclár taispeántais. Sin nó tóg grianghraf de phictiúr gach páiste ar féidir é a uaslódáil lena roinnt ar shuíomh gréasáin an ranga nó na scoile, nó a phriontáil amach lena chur ar taispeáint.


Fairsingigh an obair ón topaic cheachta mar chuid d’obair théamúil Aistear.

Topaic 1 Ceacht 2

Ag Mothú Sábháilte agus Neamhshábháilte

Tá Acmhainní an Mhúinteora ar fáil ar an DVD a ghabhann leis an gceacht nó ar líne ag www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Tá sé tábhachtach go gcaithfeá súil roimh ré ar an ábhar go léir, lena n-áirítear ceachtanna, scéalta, físeáin agus naisc ghréasáin, sula múineann tú na ceachtanna seo.



Príomhtheachtaireachtaí

Ba cheart go gcuirfí ar chumas na ndaltaí:

- Tuiscint ar an mbrí atá le bheith ag mothú sábháilte
- Amanna nuair a mhothaigh siad sábháilte a shainaithint agus cur síos a dhéanamh orthu
- Tuiscint ar an mbrí atá le bheith ag mothú neamhshábháilte
- Amanna nuair a mhothaigh siad neamhshábháilte a shainaithint agus cur síos a dhéanamh orthu

Acmhainní

BO 2: Ag Mothú Sábháilte agus Neamhshábháilte

AM 4: Scéal Thomáis

BO 3/NBS: Scéal Thomáis

Réamhrá

Cuspóir Foghlama: Labhróimid inniu faoi amanna nuair a mhothaímid sábháilte agus amanna nuair nach mothaímid sábháilte - nuair a mhothaímid neamhshábháilte.

Obair Chiorcail: Cuir an ceacht deiridh ar mhothúcháin agus an dóigh a n-athraíonn mothúcháin nuair a tharlaíonn rudaí dúinn i gcuimhne do na daltaí. Labhair faoi scéal atá léite agat agus faoin gcaoi a n-athraíonn mothúcháin na gcarachtar sa scéal. Gabh siar ar na pictiúir den Ghnúis Mothúcháin a rinne na daltaí sa rang.

Forbairt

Labhair muid cheana ar na mothúcháin éagsúla a bhíonn againn. Labhróimid inniu faoi amanna nuair a mhothaímid sábháilte agus amanna nuair nach mothaímid sábháilte - nuair a mhothaímid neamhshábháilte.

BO 2 – Ag Mothú Sábháilte agus Neamhshábháilte: Sainaithníonn agus dathaíonn daltaí na pictiúir Sábháilte agus Neamhshábháilte.

Scéal AM 4 - Lá Mór Thomáis: Léigh nó seinn an scéal seo a leanas. (Cuimhnigh gur féidir ainm nó inscne an pháiste a athrú más gá.)

Nuair a mhúscaill Tomás, chonaic sé gur lá an-deas a bhí ann. Bhí an ghrian ag soilsiú isteach trí fhuinneog a sheomra leapa agus chuala sé na héin ag canadh taobh amuigh. Léim sé amach as a leaba agus rith sé isteach chuig seomra a mhamá. Bhí sí féin ina suí agus í gléasta cheana féin. “A Mhamá, a Mhamá,” arsa Tomás, “tá an lá go deas agus gheall tú dom go bhféadfadh muid picnic a bheith againn dá mbeadh an lá inniu go breá.”

“Is fíor duit,” arsa mamaí Thomáis, “sin a dúirt mé, nach ea?” Gabh thusa agus cuir ort do chuid éadaí, íosfaidh muid bricfeasta agus cuirfidh muid picnic le chéile, ach beidh orm stopadh ag an siopa ar an mbealach chun sú torthaí a cheannach dúinn.”

Bhí Tomás iontach tapa ag cur éadaí air féin agus ag ithe a bhricfeasta. Chuidigh sé lena mhamá na rudaí picnice go léir a chur isteach sa mhála agus níorbh fhada go raibh siad réidh le dul.



Stad siad ag an ionad siopadóireachta le haghaidh an tsú torthaí. Chuaigh Tomás isteach san ollmhargadh lena mhamaí. Agus iad ag dul le hóc as an sú, bhuail Mamaí le cara léi agus stop sí le comhrá beag a dhéanamh. Agus Mamaí ag caint, shocraigh Tomás go mbreathnódh sé go tapa ar na carranna bréige a bhí ar taispeáint in aice leo. Bhí sé ag dúil go mór le ceann a fháil mar bhronntanas - bheadh a bhreithlá ann an chéad seachtain eile.


Chaith Tomás súil ar na carranna go tapa agus ansin shocraigh sé gur cheart dó dul ar ais chuig Mamaí, nó bhí orthu dul ar phicnic. Rith sé ar ais chuig an áit a raibh siad, ach ní raibh Mamaí ann. Go tobann, mhothaigh Tomás iontach scanraithe agus trína chéile. Cén áit a raibh Mamaí? Thosaigh sé ag caoineadh. Cad a dhéanfadh sé mura bhféadfadh sé í a aimsiú?

Réiteach Fadhbanna: Stad an scéal ag an bpointe seo agus fiafraigh de na daltaí cad a cheapann siad ba cheart do Thomás a dhéanamh. Pléigh na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann lena gcuid moltaí, aibhsigh na roghanna sábháilte agus neamhshábháilte.

Críochnaigh an scéal:

Sheas Tomás ansin, é ag caoineadh. Mhothaigh sé scanraithe agus neamhshábháilte. Ansin, tháinig fear agus bean nach raibh aithne aige orthu agus chuir siad ceist air an raibh sé maith go leor. Chuir an bhean ceist air an raibh sé imithe amú agus cén t-ainm a bhí air. Chuimhnigh Tomás nár cheart dul áit ar bith in am ar bith le strainséirí ach go mbíonn amanna ann nuair a chaithfidh tú labhairt le strainséirí le cuidiú a fháil - nuair a bhíonn tú imithe amú, mar shampla. Mar sin, dúirt sé leis an mbean gur Tomás an t-ainm a bhí air agus nach raibh sé in ann a mhamaí a aimsiú. Dúirt an bhean leis fanacht léi tamall agus d'imigh an fear lena mhamaí a chuardach. Ansin, chuala sé glór duine ar challaire an tsiopa ag rá go raibh gasúr beag darb ainm Tomás ar lorg a mhamaí. Nóiméad ina dhiaidh sin, tháinig a mhamaí thar timpeall an choirnéil. Bhí áthas ar Thomás í a fheiceáil. Rith sé a fhad léi agus thug sé barróg ollmhór di.

Ghabh mamaí buíochas leis an mbean agus leis an bhfear as cuidiú léi Tomás a aimsiú agus ansin thóg sí lámh Thomáis agus shiúil siad beirt ar ais chuig an gcarr le dul ar an bpicnic.



Pointí Plé:

- Cén chaoi ar mhothaigh Tomás nuair a mhúscaíl sé?
- Cén fáth a raibh Tomás ar bís?
- Cén chaoi ar mhothaigh Tomás nuair nach raibh sé in ann a mhamaí a aimsiú?
- Cén chaoi ar mhothaigh Tomás, i do bharúil, nuair a d'aimsigh a mhamaí é?

D'fhéadfaí an clár scéil a ghabhann leis an scéal a úsáid le comhphlé a spreagadh (AM 4). D'fhéadfadh sé go mbeadh daltaí ag iarraidh scéalta a chomhroinnt faoi amanna ar imigh siad féin amú, an chaoi ar mhothaigh siad agus an rud a tharla.

É sin nó d'fhéadfaí scéal amhail 'Ar strae beagán' le Chris Houghton nó 'Róisín ar strae' le Gabriel Rosenstock a léamh agus a phlé.

Conclúid

Roghnaigh ceann de na gníomhaíochtaí seo a leanas:

Abairt a chríochnú: Iarrtar ar dhaltaí an abairt a chríochnú: "Mothaím sábháilte sa bhaile/ar scoil nuair..."

Ceacht Léirshamhlaithe: Déan cinnte go bhfuil na páistí ina suí go compordach. D'fhéadfadh sé gur mhaith leat céimeanna a ghlacadh, cosúil le fógra 'Ná cuir isteach' ar dhoras an tseomra ranga ionas nach gcuirfí isteach ar an rang, le linn duit an léirshamhlúchán a sheinm/a léamh. D'fhéadfadh sé freisin gur mhaith leat ceol oiriúnach a chasadh sa chúlra.

Léirshamhlúchán:

Déan cinnte go bhfuil tú i do shuí go compordach. Dún do shúile agus tarraing anáil mhór fhada mhall isteach. Tarraing d'anáil isteach, go deas mall. Scaoil d'anáil amach, go deas mall. Lean ort ag anáilú mar seo.

Anois, rachaimid go léir ar thuras le chéile.

Samhlaigh gur iora rua beag thú, istigh i gcroílár na coille. Tá an fómhar ann agus tá na laethanta ag éirí níos fuaire. Ní fada go mbeidh an geimhreadh ann agus go mbeidh cúpla codladh mór fada agat.

Tá ainmhithe ann agus is fuath leo an geimhreadh ach tá dúil mhór agatsa sa gheimhreadh nó tá a fhios agat nach fada go mbeidh tú teolaí i do chnap codlata i do nead nua chompordach.

Tá tú ag rith leat tríd an gcoill, isteach is amach idir na crainn mhóra. Tá tú beagnach ann. Cónaíonn tú i bpoll sa chrann darach is mó sa choill.

Ááá! Sin é!

Dreapann tú suas stoc an chrainn isteach i do nead. Chuidigh tú le do mhamáí an nead sin a thógáil le cipíní agus caonach. Tá Mamáí istigh sa nead cheana féin agus tá sí tar éis roinnt cnónna agus síolta blasta a bhailiú duit. Tá Mamáí chomh cineálta sin agus mothaíonn tú iontach go deo sábháilte agus tú anseo in aice léi.

"Ium, ium, tá an dearcán sin blasta" - ach ná hith barraíocht nó mothaíonn tú tuirseach anois - bhí lá gnóthach agat!

"Oíche mhaith", ar tusa de chogair le Mamáí, roimh daoibh soipriú isteach le chéile sa chaonach dheas bhog sin. Mothaíonn tú iontach sásta agus tú te tirim teolaí agus do theaghlach agus do chairde in aice leat.

Análaigh isteach agus amach, isteach agus amach. Ní fada go mbeidh tú i do chodladh go sámh - isteach agus amach, isteach agus amach.

Ag an bpointe seo, d'fhéadfá 30 nó 40 soicind de cheol ciúin a úsáid.

Tar éis sos gairid, críochnaigh an léirshamhlúchán:

Anois, tá an codladh thart agus tá tú ag múscailt go mall. Tá sé in am agat teacht ar ais chuig an seomra ranga. Coinnigh do shúile dúnta agus tú ag tosú ar na méara agus na ladhracha a lúbarnaíl. Lúbarnaíl, lúbarnaíl, lúbarnaíl. Anois, oscail na súile, amharc thart agus breathnaigh do chuid cairde go léir. Déan meangadh mór gáire.



BO 3/NBS - Scéal Thomáis: Tabharfaidh daltaí an bhileog oibre abhaile leo chun an scéal a insint dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí. Tá moltaí do thuismitheoirí sa bhileog oibre maidir lena thábhachtaí atá sé rialacha sábháilteachta a theagasc dá bpáiste.

Topaic 1 **Ceacht 3**

Ag Mothú Sábháilte agus Neamhshábháilte

Tá **Acmhainní an Mhúinteora** ar fáil ar an DVD a ghabhann leis an gceacht nó ar líne ag www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Tá sé tábhachtach go gcaithfeá súil roimh ré ar an ábhar go léir, lena n-áirítear ceachtanna, scéalta, físeáin agus naisc ghréasáin, sula múineann tú na ceachtanna seo.



Príomhtheachtaireachtaí

Ba cheart go gcuirfí ar chumas na ndaltaí:

- Amanna nuair a mhothaigh siad neamhshábháilte a shainaithint agus cur síos a dhéanamh orthu
- A fhoghlaim nár chóir dóibh riamh rúin a choimeád faoi amanna a mothaíonn siad neamhshábháilte
- Roinnt daoine fásta ina saol a shainaithint ar féidir leo rud a insint dóibh
- Roinnt rialacha agus straitéisí sábháilteachta eile a fhoghlaim is féidir leo a úsáid má mhothaíonn siad neamhshábháilte nó i gcontúirt/faoi bhagairt

Acmhainní

AM 5: Dá dtarlódh sé...

BO 4/NBS: An Cúigear Iontaofa

AM 6: An tAmhrán 'Bí Sábháilte'

Réamhrá

Cuspóir Foghlama: Foghlaimeoidimid faoin méid ba cheart dúinn a dhéanamh má mhothaímid neamhshábháilte

Cuir an ceacht deiridh i gcuimhne do na daltaí, nuair a roinn gach duine sampla d'am nuair a mhothaigh sé nó sí sábháilte.

Gabh siar ar scéal Thomáis agus an chaoi ar athraigh mothúcháin Thomáis de réir mar a thit an scéal amach.

Forbairt

Mínigh go mbíonn amanna ann nuair a mhothaímid uile mar a mhothaigh Tomás, nuair a mhothaímid neamhshábháilte agus scanraithe. D'fhéadfá sampla a thabhairt anseo d'am nuair nár mhothaigh tú féin sábháilte - sampla ó d'óige féin a úsáid, b'fhéidir.

Iarr samplaí ar na daltaí d'amanna nuair nach mothaíonn siad sábháilte agus pléigh an méid a dhéanann siad sna suíomhanna seo. Aibhsigh a thábhachtaí atá sé an scéal a insint do dhuine fásta a bheadh in ann cuidiú. D'fhéadfadh na daltaí rólímirt a dhéanamh den chaoi a gcuirfeadh siad aon cheann de na cásanna a pléadh in iúl do dhuine fásta.

É sin, nó úsáid na cásanna *Dá dtarlódh sé... seo a leanas as AM 5*. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh mar ghníomhaíocht ranga nó i ngrúpaí, agus cás amháin le hiniúchadh ag gach grúpa roimh dóibh aiseolas a thabhairt don rang.

TR 5 - Dá dtarlódh sé:

- Go rachfá ar strae san ionad siopadóireachta, céard a dhéanfa?
- Nach mbeadh aon duine ag geataí na scoile ag am baile le tú a bhailiú, céard a dhéanfa?
- Go mbeadh drochbhrionglóid agat a scanraíonn thú, céard a dhéanfa?



- Go mbeadh duine éigin i gcónaí do bhrú nó do ghortú, céard a dhéanfa?
- Go mbeadh madra mór ag tafann ort agus tú ag dul chuig teach do charad?

Ba cheart arís eile ag an bpointe seo béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé a chur in iúl do dhuine fásta mura motháíonn siad sábháilte. Is féidir leis na daltaí rólímirt a dhéanamh leis na cásanna thuas agus cleachtadh a dhéanamh ar an scéal a chur in iúl do dhuine fásta.

Conclúid



BO 4/Nasc Baile is Scoile - AN CÚIGEAR IONTAOFA: Tabhair deis do na daltaí súil a chaitheamh ar an mbileog oibre Cúigear Iontaofa agus plé a dhéanamh ar na daoine a n-inseodh siad dóibh sa chás go mothóidís neamhshábháilte. Tugann na daltaí an bhileog oibre Cúigear Iontaofa abhaile lena comhlánú in éineacht le tuismitheoirí/caomhnóirí.




AM 6 - An tAmhrán Bí Sábháilte: Lig do na daltaí éisteacht leis an Amhrán 'Bí Sábháilte'. Foghlaimíonn daltaí an t-amhrán.

An tAmhrán Bí Sábháilte

*Is maith liom a bheith i gcuideachta na cuideachta, is maith
Is maith liom mo chlann a bheith ar an láthair
Is léir dom na bealaí le fanacht slán.
Le bheith slán le bheith slán, le bheith slán.*

*Níl mé ag iarraidh bheith diúltach, ná bain dom
Tá a fhios agat cad é atá mé ag maíomh
Ná bí ag tromaíocht orm, ná bí, ná bí, ná bí.
Ná bí ag iarraidh mé a scanradh, ná bí, ná bí, ná bí.*


*Agus eagla ag teacht ort cad é ba choir duit a dhéanamh
Fan ar shiúl agus inis do dhuine éigin
A bhfuil aithne agat air 's a bhfuil muinín agat ann
Le bheith slán, le bheith slán, bí slán, bí slán.*



BILEOG OIBRE 1

Naíonáin Shóisearacha & Shinsearacha

Tarraing mothúchán



Críochnaigh an abairt:

Seo _____

Tá sé/sí _____

mar _____

Priontáil agus lannaigh an Ghnúis Mothúcháin.

Roghnaíonn na daltaí mothúchán – Sásta, Brónach, Trína chéile, Scanraithe, Ar bís, Feargach agus úsáideann taos nó marcóirí in-nite chun an mothúchán sin a tharraingt ar an aghaidh.

bí
sábháilte








BILEOG OIBRE 2

Naíonáin Shóisearacha & Shinsearacha

Ag mothú sábháilte agus neamhsábháilte



Cuir dath glas ar na pictiúir
SHÁBHÁILTE agus dath dearg ar
na pictiúir NEAMHSÁBHÁILTE

bí
sábháilte





Nasc Baile is Scoile

BILEOG OIBRE 3

Naíonáin Shóisearacha & Shinsearacha

Scéal Thomáis



Tá Tomás ag dul ar phicnic lena Mhamáí




Stopann siad ag an siopa mór le haghaidh sú oráiste. Imíonn Tomás leis chuig na bréagáin.



Ní féidir leis a Mhamáí a fheiceáil.



Tá sé iontach scanraithe.



Cuidíonn fear agus bean leis.



Seo chugainn anois Mhamáí.
Mothaíonn Tomás sábháilte arís

Iarr ar do pháiste scéal Thomáis a insint duit. Cén chaoi ar mhóthaigh Tomás, go háirithe nuair a bhí sé imithe amú? Céard a thug air mothú sábháilte arís? Múin roinnt 'rialacha' do do pháiste, ar féidir leis nó léi iad a leanúint le fanacht sábháilte. An chéad uair eile a rachaidh sibh chuig na siopaí, chuig ionad siopadóireachta, chuig cluiche srl. taispeáin áiteanna do do pháiste inar féidir cuidiú a fháil, mar shampla, an deasc seirbhísí custaiméara nó pearsanra slándála. Tá sé tábhachtach freisin go mbíonn d'ainm iomlán, agus más féidir, d'uimhir ghutháin, ar eolas ag do pháiste.

bí
sábháilte

Síniú Tuismitheora/Caomhnóra

Dáta:




Nasc Baile is Scoile

BILEOG OIBRE 4

Naíonáin Shóisearacha & Shinsearacha

An Cúigear Iontaofa



Labhair le do pháiste ar amanna nuair a d'fhéadfadh sé go mothódh sé nó sí neamhshábháilte agus a thábhachtaí atá sé an scéal a insint do dhuine fásta a bheadh in ann cuidiú.

Cuidigh le do pháiste cúigear daoine fásta a shainaithint a bhféadfaí an scéal a insint dóibh dá mothódh sé nó sí buartha nó neamhshábháilte.

D'fhéadfadh do pháiste pictiúr a tharraingt nó ainm an chúigir iontaofa seo a scríobh ar mhéara agus ordóg a láimhe.

bí
sábháilte

Síniú Tuismitheora/Caomhnóra

Dáta:

Topaic 2

Cairdeas agus Bulaíocht

Réasúnaíocht don Topaic

Sa topaic seo, déanann páistí iniúchadh ar luach an chairdis, ar chairdeas a dhéanamh agus a choinneáil agus ar a thábhachtaí atá sé caitheamh go measúil agus go hómósach lena chéile.

Sula gcaithimid súil ar thopaic na bulaíochta, is fiú béim a leagan ar chairdeas agus iompar dearfach nó tugann sé deis do dhaltáí cineálacha iompair a fhiosrú a thugann orainn a mhothú go bhfuilimid sábháilte agus a bheith ag smaoineamh ar thimpeallacht a chruthú ina mbeadh sé de cheart ag gach duine meas a bheith ag daoine eile air nó uirthi agus a bheith san áireamh.

Uaireanta téann cairdeas in aimhréidh agus déantar bulaíocht ar dhaoine nó téann siad i mbun iompar bulaíochta. Sna ceachtanna seo cabhraítear le páistí tuiscint a fháil ar an rud is bulaíocht ann agus an tionchar a bhíonn aige ar dhaoine eile.

Is féidir bulaíocht a dhéanamh ar dhaoine ar bhealaí difriúla, go fisiciúil, go briathartha agus go mothúchánach. Foghlaimeoidh na páistí gur rud olc í an bhulaíocht i gcónaí agus, má bhíonn bulaíocht á déanamh orthu nó má fheiceann siad bulaíocht á déanamh ar dhuine eile, gur cheart i gcónaí dóibh sin a insint do dhuine fásta a bhfuil muinín acu as. Ní ag déanamh scéala ar dhuine atá tú má insíonn tú faoi bhulaíocht ach á dhéanamh chun tú féin nó duine éigin eile a choinneáil sábháilte.

bí
sábháilte



MAPÁIL LEIS AN GCURACLAM OSPS

Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte

SNÁITHE:

Snáithaonaid:

MISE

Sábháilteacht agus Cosaint

Sábháilteacht Phearsanta

- Straitéisí oiriúnacha sábháilteachta a iniúchadh
- Staideanna agus áiteanna sábháilte a aithint, mar aon leo siúd ina mbeadh sábháilteacht phearsanta i mbaol
- A thuiscint conas is féidir le daoine eile a áiteamh air/uirthi páirt a ghlacadh in iompar baolach

Snáithaonad:

Féinaithne

Ag forbairt féinmhuiníne

- A c(h)uid tuairimí, dearcthaí agus roghanna féin a chur in iúl
- Féintuilleamaí agus neamhspleáchas a fhorbairt
- Tús a chur le foghlaim cén chaoi déileáil le hathruithe difriúla de réir mar a tharlaíonn siad

Ag Déanamh Cinntí

- Roghanna a dhéanann sé/sí féin gach lá a aithint mar aon leis na cinn a dhéanann daoine eile
- Tosú ar fheasacht a fhorbairt maidir le tosca a mbeadh tionchar acu ar chinntí nó ar roghanna a dhéanfaí

Snáithaonad:

Ag Fás agus ag Athrú

Athraím agus mé ag fás

- A aithint go méadaíonn an cumas freagracht a ghlacadh as/aisti féin agus as daoine eile de réir mar a théann sé/sí in aois

Braistintí agus Mothúcháin

- Mothúcháin ilghnéitheacha a ainmniú agus labhairt faoi staideanna ina bhféadfaí dul tríothu
- Na slite ilghnéitheacha ina ndéantar braistintí a chur in iúl agus a bharraíocht a iniúchadh
- Tús a chur le mothálacht maidir le mothúcháin daoine eile agus a thuiscint gur féidir le gníomhartha duine amháin tionchar a imirt ar bhraistintí duine eile
- Ócáidí a dtig leis/léi mothúcháin dheimhneacha a chothú ann/inti féin a iniúchadh agus a phlé

SNÁITHE:

Snáithaonad:

MISE AGUS DAOINE EILE***Mo Chairde agus Daoine Eile***

- A c(h)airde féin a aithint, a phlé agus ard-mheas a bheith orthu
- Na gnéithe difriúla den chairdeas a phlé agus a scrúdú
- Cairde scoile a aithint agus ard-mheas a bheith orthu agus an dóigh ar féidir leo cabhrú le chéile agus aire a thabhairt dá chéile a aithint
- Na daoine uile a motháítear iad a bheith speisialta, laistigh agus lasmuigh de mhuintir an teaghlaigh, a phlé agus ard-mheas a bheith orthu
- Difríochtaí idir daoine a aithint agus a léirthuiscint agus bheith eolach ar conas déileáil le daoine eile le dínit is le meas
- Iompar bulaíochta, cé a bhíonn páirteach ann agus cén tionchar a bhíonn aige ar dhaoine éagsúla a aithint agus a iniúchadh
- A thuiscint go mbíonn bulaíocht i gcónaí olc agus a bheith feasach ar cad ba chóir a dhéanamh má bhíonn sé/sí á b(h)ulaíocht nó má fheiceann sé/sí á himirt ar dhuine eile í

Snáithaonad:

Caidreamh le Daoine Eile

- Éisteacht le tuairimí daoine eile agus freagairt dóibh
- Iompraíocht bhriathartha agus neamhbhriathartha a úsáid chun feidhmeanna sóisialta a chomhlíonadh
- Cúram agus tuiscint, cúirtéis agus dea-bhéasa a chleachtadh le daoine eile
- Coimhlintí le daoine eile a réiteach

SNÁITHE:

Snáithaonaid:

MISE AGUS AN DOMHAN MÓR***Ag Forbairt Saoránachta******Mo Phobal Scoile***

- A aithint go bhfuil gach duine tábhachtach agus go bhfuil a c(h)ion tairbhe uathúil luachmhar le déanamh aige/aici sa rang
- A aithint go bhfuil comhoibriú agus roinnt tábhachtach maille le bheith cóir i ngach gnómháíocht sa rang agus sa scoil
- An gá le rialacha an ranga agus na scoile a choinneáil a aithint agus a thuiscint
- Ilghnéitheacht na bpáistí sa rang agus ar scoil a iniúchadh agus ómós a thabhairt di

Stór focal**Naíonáin Shóisearacha agus Shinsearach**

Cara/Cairdeas; Comhroinnt; Cineálta; Éisteacht; Cuidiúil; Sealaíocht a dhéanamh; Bheith cothrom; Bulaíocht; D'aon turas; Goilliúnach; Scanraíonn; Níos mó ná uair amháin; Ag comhoibriú; A bheag a dhéanamh de dhuine; Rialacha; Abair Stop, Imigh leat, Abair le duine

Topaic 2 **Ceacht 1**

Cairdeas

Tá Acmhainní an Mhúinteora ar fáil ar an DVD a ghabhann leis an gceacht nó ar líne ag www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Tá sé tábhachtach go gcaithfeá súil roimh ré ar an ábhar go léir, lena n-áirítear ceachtanna, scéalta, físeáin agus naisc ghréasáin, sula múineann tú na ceachtanna seo.

Príomhtheachtaireachtaí

Ba cheart go gcuirfí ar chumas na ndaltaí:

- Na gnéithe difriúla den chairdeas agus an chaoi a gcuidíonn cairde lena chéile agus a dtugann siad aire dá chéile a phlé agus a scrúdú
- An chaoi ar féidir cairde a dhéanamh agus a choinneáil a fhiosrú
- A thábhachtaí atá sé caitheamh go measúil agus go hómósach lena chéile a thuiscint.

Acmhainní

AM 7: Cairdeas (Caith súil roimh ré ar na gearrthóga físe le haghaidh an cheachta seo agus roghnaigh an ceann is oiriúnaí do do rang féin)

AM 8: Cad a dhéanfaí féin?

BO 5/NBS: Léirím féin cairdeas nuair...

Réamhrá

Cuspóir Foghlama: Inniu, beimid ag foghlaim faoin gcairdeas agus faoina thábhachtaí atá sé caitheamh go deas le gach duine, go fíú na daoine nach iad ár gcairde is fearr iad.

AM 7 Nasc Físeáin - Cairdeas: Taispeáin ceann de na físeáin ghearra seo ar an gcairdeas don rang.

Forbairt

Obair Chiorcail - Cairde agus Cairdeas: Bunaithe ar an méid atá feicthe acu sna gearrthóga físe, agus ar a dtaithí féin, iarr ar dhaltaí labhairt faoi na nithe seo a leanas:

- Cén dóigh a léiríonn duine cairdeas duit? D'fhéadfaí an abairt a thosú le, "Is ionann cara maith agus duine a..." Mar shampla, is ionann cara maith agus duine a bhíonn ag súgradh liom agus ag roinnt liom, nó a bhfuil dúil aige nó aici sna rudaí céanna liom.
- Cén chaoi a léiríonn tusa cairdeas le daoine eile? Cabhraigh leis na daltaí smaoineamh ar dhóigheanna le bheith ina gcara maith, mar shampla, a bheith smaoineach cineálta, bheith ag éisteacht le daoine eile; gan bheith ag déanamh a bheag de dhaoine eile, gan bheith ag gáire agus ag magadh faoi dhaoine eile; bheith cairdiúil; bheith ag cabhrú lena chéile; bheith ag comhoibriú; sealaíocht a dhéanamh; bheith ag glacadh go huasal leis an mbua agus leis an gcailleadh araon; iarracht a dhéanamh gan goilleadh ar dhaoine eile; rudaí dearfacha a rá faoi dhaoine eile, bheith cothrom.

AM 8: Cad a dhéanfaí: Úsáid na samplaí seo nó samplaí eile d'fhonn daltaí a spreagadh i mbun pléite ar an gcineál iompair a léireodh cairdeas.

- Dá mbeadh dearmad déanta ag duine de do chairde ar scoil ar a chuid crián?
- Dá mbeadh duine de do chairde scoile tar éis titim sa chlós agus a lámh a ghortú?



- Dá mbeadh duine de do chairde scoile fágtha leis nó léi féin sa chlós, gan aon duine ag súgradh leis nó léi?
- Dá mbeadh páiste nua sa rang agus mura mbeadh a fhios aige nó aici an rud a bhí le déanamh?



Conclúid

Léigh scéal gairid ar an gcairdeas nó breathnaigh ar cheann eile de na Físeáin Cairdis AM 7.

Bileog Oibre 5/NBS - Léirim féin cairdeas nuair... Féadfar an bhileog oibre a chríochnú ar scoil nó sa bhaile. Tarraingíonn nó scríobhann daltaí rud amháin a léiríonn cairdeas. Más ar scoil atá an bhileog oibre á comhlánú, ba cheart í a thabhairt abhaile lena plé le tuismitheoirí/caomhnóirí.

Obair Fairsingithe

D'fhéadfaí na bileoga oibre comhlánaithe a úsáid le taispeántas ranga ar an gcairdeas a dhéanamh.

Topaic 2 **Ceacht 2**

Cad is Bulaíocht ann?

Tá **Acmhainní an Mhúinteora** ar fáil ar an DVD a ghabhann leis an gceacht nó ar líne ag www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Tá sé tábhachtach go gcaithfeá súil roimh ré ar an ábhar go léir, lena n-áirítear ceachtanna, scéalta, físeáin agus naisc ghréasáin, sula múineann tú na ceachtanna seo.

Nóta don Mhúinteoir:

D'fhonn puipéid a úsáid chun cuspóirí na gceachtanna seo a léiriú, ní mór don múinteoir a bheith inniúil go leor chun an teachtairacht a chur in iúl, ach ní gá bheith ina shaineolaí. Ní gá ach do ghlór a athrú le haghaidh gach carachtair sa scéal agus do ghlór féin a úsáid le haghaidh an scéalaí. D'fhéadfadh sé gur ghá dul tríd an scéal arís don rang.

Príomhtheachtairachtaí

Ba cheart go gcuirfí ar chumas na ndaltaí:

- A aithint gur iompar í an bhulaíocht a dhéantar arís agus arís eile le cur isteach ar dhaoine eile d'aon turas
- A fhoghlaim go bhfuil an t-iompar bulaíochta mícheart agus go gcuireann sé faitíos agus brón ar dhaoine
- Roinnt de na mothúcháin a bhíonn ort nuair a dhéantar bulaíocht ort a shainaithint.

Ba cheart béim a chur i rith an ama ar a thábhachtaí atá sé **an scéal a insint do dhuine éigin le fanacht sábháilte**.

Acmhainní

AM 9: Clár Scéil Bella agus Georgie

AM 2: Gnúiseanna Mothúchán

AM 10: Céard is Bulaíocht ann?

BO 6/NBS: Bella agus Georgie

Puipéid: Is féidir trí phuipéad a úsáid leis an gceacht seo a theagasc, Bella, Georgie agus puipéad eile ar 'finné' é.

Beidh liathróid bheag de dhíth freisin, liathróid leadóige boird, mar shampla.

Réamhrá

Cuspóir Foghlama: - Inniu, foghlaimeoidimid céard is bulaíocht ann agus an dóigh a motháíonn duine má dhéantar bulaíocht air nó uirthi.

Ba cheart na daltaí, más féidir, a bheith ina suí i leathchiorcal le go mbeidh gach duine in ann féachaint ar dhráma na bpuipéad.

Cuir an ceacht deiridh ar chairde agus ar chairdeas i gcuimhne do na daltaí. Breathnaigh ar na bileoga oibre cairdis nó an sleamhnán, 'Léirim féin cairdeas nuair...', ón gceacht deiridh.


Cuir dhá phuipéad i láthair an ranga, Bella agus Georgie, nó pé ainmneacha eile a d'oirfeadh.

Fágtar an tríú phuipéad ina shuí ar chathaoir nó bord, le go mbeidh na páistí in ann é a fheiceáil ach gan aon tagairt a dhéanamh dó - úsáidfear níos faide anonn é le coincheap an fhinné a thabhairt isteach.

Forbairt

Úsáid na puipéid agus an liathróid leadóige boird leis an dráma a leanas a léiriú.

Mura bhfuil puipéid ar fáil, d'fhéadfaí an clár scéil a úsáid le dráma Bella agus Georgie a léamh mar scéal, AM 9.



Dráma le Puipéid: Bella agus Georgie

AN MHAIDIN

- Scéalaí:** Tá sé ina mhaidin. Tá Bella agus Georgie ag imirt leis an liathróid.
- Georgie:** Níl aon mhaith ionat! Ní féidir leat liathróid a cheapadh. Imigh leat! Nílím ag iarraidh súgradh leat.
- Scéalaí:** Tá Bella trína chéile. Siúlann sí léi agus a ceann cromtha.

SOS BEAG

- Scéalaí:** Ag am sosa, chonaic Bella Georgie ag imirt leis an liathróid.
- Bella:** An bhfuil cead agamsa imirt a Georgie?
- Georgie:** Imigh leat, a Bella! Cailín seafóideach! Níl aon mhaith ionat! Ní féidir leat liathróid a cheapadh. Imigh leat!
- Scéalaí:** Imíonn Bella léi agus í ag caoineadh.

AM LÓIN

- Scéalaí:** Ag am lóin, chuaigh Bella anonn chuig Georgie arís
- Bella:** An bhfuil cead agam imirt anois a Georgie? Geallaim duit go gceapfaidh mé í.
- Georgie:** Imigh leat, Bella. Níl aon mhaith ionat. Bailigh leat! Imigh leat agus aimsigh babaí a bhféadfá súgradh leis. Níl cead agat imirt!

Pointí Plé:

- Céard a bhí Bella agus Georgie a dhéanamh ar maidin? Céard a rinne Georgie? Cén chaoi ar mhothaigh Bella? (Taispeáin cártaí/pictiúir Mothúchán ó cheachtanna Sábháilte agus Neamhshábháilte a rinneadh cheana d'fhonn mothúcháin amhail brónach, scanraithe, feargach a léiriú.)
- Conas a mhothófá dá dtarlódh a leithéid duitse? Cén pictiúr a léiríonn an dóigh a mothófá?
- Céard a tharla ag am sosa? Cén chaoi ar mhothaigh Bella, dar leat?
- Céard a tharla ag am lóin? Cén chaoi ar mhothaigh Bella, dar leat?

Nuair a ghoilleann duine éigin ort d'aon turas mar seo agus nuair a tharlaíonn sé níos mó ná aon uair amháin, tugtar bulaíocht air.

AM 10 - Céard is Bulaíocht ann? Taispeáin an sleamhnán agus pléigh an sainmhíniú ar an mbulaíocht leis na daltaí.


Is bulaíocht atá ann nuair a dhéanann duine:

- 1) duine eile a ghortú nó a chur trína chéile
- 2) d'aon turas agus
- 3) níos mó ná aon uair amháin.

Cuir ceist ar an rang céard a cheapann siad d'iompar Georgie? Cad a bhí mícheart faoina iompar? Cén chaoi ar mhothaigh Bella?

Úsáid na cártaí Gnúiseanna Mothúchán (AM2) ó na ceachtanna Sábháilte agus Neamhshábháilte a rinneadh cheana agus iarr ar na daltaí na cártaí a roghnú a léireodh mar a mhothaíonn Bella.





Fiafraigh de na daltaí an bhfuil siad in ann smaoineamh ar shamplaí eile d'iompar bulaíochta. Cuir i gcuimhne dóibh gur iompar é a ghoilleann ar dhuine éigin, d'aon turas, agus a tharlaíonn níos mó ná aon uair amháin.

Nuair a dhéantar bulaíocht ar dhuine, cén chaoi a mothódh sé nó sí, i do bharúil? Cuir ceachtanna a rinneadh cheana i gcuimhne do na daltaí, mar ar fiosaíodh an chaoi ar féidir le daoine a gcuid mothúchán a léiriú trína ngothaí gnúise agus coirp. D'fhéadfaí a iarraidh ar dhaltaí ról Bella a ghlacadh agus a gcorp/n-aghaidh a úsáid lena léiriú cén chaoi a motháíonn Bella.

Cad a d'fhéadfadh Bella a dhéanamh?

Tá ár gcabhair ag teastáil ó Bella! An féidir leat smaoineamh ar aon rud a d'fhéadfadh Bella a dhéanamh chun Georgie a chur ó bheith ag cur isteach uirthi?

Fiafraigh de na daltaí an féidir leo smaoineamh ar shamplaí/cásanna eile ina léireodh duine éigin iompar bulaíochta i leith duine eile. Iarr ar dhaltai moltaí a thabhairt i dtaca le rudaí a d'fhéadfadh páiste a dhéanamh le nach dtarlódh an bhulaíocht. Déan iarracht iad a threorú i dtreo tuiscint a chur ar a thábhachtaí atá sé an scéal a insint do dhuine fásta a bheadh in ann cuidiú.

Conclúid

Cuir an Cúigear Daoine Fásta lontaofa i gcuimhne do na daltaí. Ní mór dúinn i gcónaí an scéal a insint do dhuine fásta mura motháimid sábháilte. Go fiú mura bhfuil an duine ar liosta an Chúigir lontaofa, ba cheart dúinn an scéal a insint dó/di má cheapaimid go mbeadh sé/sí in ann cuidiú. Mar shampla, dá mbeadh duine ag déanamh bulaíochta ort agus tú ar do bhealach chuig an rang damhsa nó chuig an gcumann peile, cé dó nó di a n-inseofa an scéal?

Rólimirt: Iarr ar roinnt daltaí rólimirt a dhéanamh den chaoi a gcuirfeadh siad an scéal in iúl do dhuine fásta.

Cuimhnigh, níl sé sách maith in am ar bith duine eile a ghortú d'aon turas. Cé nach féidir bheith cairdiúil le gach uile dhuine, ní mór dúinn, fós féin, caitheamh go cineálta le gach duine.

BO 6/NBS: Tabharfaidh daltaí an bhileog oibre Bella agus Georgie abhaile leo chun an scéal a insint dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí.



Topaic 2 **Ceacht 3**

Cad is féidir linn a dhéanamh chun an bhulaíocht a stopadh?

Tá **Acmhainní an Mhúinteora** ar fáil ar an DVD a ghabhann leis an gceacht nó ar líne ag www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Tá sé tábhachtach go gcaithfeá súil roimh ré ar an ábhar go léir, lena n-áirítear ceachtanna, scéalta, físeáin agus naisc ghréasáin, sula múineann tú na ceachtanna seo.

Príomhtheachtaireachtaí

Ba cheart go gcuirfí ar chumas na ndaltaí an méid seo a leanas a fhoghlaim:

- An méid is féidir a dhéanamh má tá bulaíocht á déanamh orthu
- Gur féidir leo cuidiú le duine eile má tá bulaíocht á déanamh air nó uirthi

Ba cheart béim a leagan as an úr ar a thábhachtaí atá sé an scéal a insint le fanacht sábháilte.

Acmhainní

AM 9: Clár Scéil Bella agus Georgie

AM 11: Dán Cairdis

BO 7/NBS: Rialacha Bí Sábháilte

Trí phuipéad, Bella, Georgie agus puipéad eile ar 'seallach' é.

Liathróid bheag leadóige boird

Réamhrá

Cuspóir Foghlama: Foghlaimeoidimid faoin méid is féidir linn a dhéanamh má dhéantar bulaíocht orainn agus a thábhachtaí a bhíonn sé, i gcónaí, an scéal a insint do dhuine éigin má tá bulaíocht ag tarlú.

Úsáid na puipéid nó an clár scéil le dul siar ar scéal Bella agus Georgie. Cuir i gcuimhne dóibh céard is ciall le bulaíocht - nuair a ghortaíonn duine amháin duine eile, níos mó ná uair amháin, d'aon turas.

Forbairt

Gníomhaíocht Smaoinimh, Péireála agus Roinnte: An féidir leat smaoineamh ar aon rud a d'fhéadfadh Bella a dhéanamh le cuidiú léi féin?

Mar shampla,

- D'fhéadfadh sí 'Stop!' a rá. Níl sé cothrom mé a choinneáil ó bheith ag imirt!' a rá
- D'fhéadfadh sí dul agus duine éigin eile a aimsiú a bhféadfadh sí bheith ag súgradh leis nó léi
- D'fhéadfadh sí 'Stad de bheith ag tabhairt ainmneacha orm!' a rá
- D'fhéadfadh sí an scéal a insint dá múinteoir/mamáí/daidí.

Iarr ar dhaltaí a gcuid smaointe a roinnt leis an rang. Pléigh cé acu a d'éireodh nó nach n'éireodh leis na smaointe a mhol an rang.

Rólimirt nó Dráma na bPuipéad:

Iarr ar dhaltaí éagsúla a ligean orthu féin gurb iad Bella agus a thaispeáint don rang cén dóigh a bhféadfadh sí 'Stop!' a rá.

Pléigh fáthanna a mbeadh sé deacair do Bella Stop a rá le Georgie. Meabhraigh do na daltaí a thábhachtaí is atá sé a insint do dhuine fásta má mhothaíonn siad neamhsábháilte, nó má tá bulaíocht á déanamh orthu. Seo a leanas na Rialacha Bí Sábháilte: Abair 'Stop', Imigh Leat agus Inis do Dhuine Éigin É, agus lean ort a insint nó go gcuideoidh duine leat.

Anois, tarraing aird na ndaltaí ar an bpuipéad ‘seallach’.

“Ó, breathnaigh cé atá againn anseo, Rob atá ann (nó pé ainm a oireann) agus ceapaim go bhfaca sé an méid a tharla idir Bella agus Georgie.”

Fiafraigh de na daltaí an bhfuil aon rud ann a d’fhéadfadh Rob a dhéanamh mar chuidiú sa scéal seo? Cad a d’fhéadfadh sé a rá?

Cad a tharlódh dá mbeadh Bella in ann an fód a sheasamh ar a son féin nó dá ndéanfadh Rob rud éigin le cuidiú léi. Fan go bhfeicimid cad a tharlódh. Úsáid moltaí na ndaltaí agus gabh trí dhráma na bpuipéad arís agus na daltaí ag moladh dóigheanna a bhféadfaí an scéal a láimhseáil ar dhóigh dhifriúil.

Conclúid

Cuir na Rialacha Bí Sábháilte i gcuimhne do na daltaí: Abair ‘Stop’, Imigh, agus Inis do Dhuine Éigin É.

AM11 - Ár gCairde: Éist leis an Dán: ‘Ár gCairde’

Bímis sásta,

Bímis sona,

Ná bíodh ár gcairde ag mothú go dona.

Ní dhéanfaidh muid troid, ná tarraingt ná brú,

Ní dhéanfaidh muid bulaíocht. Ár gcairde abú!

Cuir an dán ar taispeáint agus iarr ar na daltaí é a aithris in éineacht leat.



BO 7/NBS: Na Rialacha Bí Sábháilte

Dathaíonn daltaí an bhileog oibre sa bhaile agus labhraíonn lena dtuismitheoirí/gcaomhnóirí faoi na rialacha Bí Sábháilte: Abair ‘Stop’, Imigh, agus Inis do Dhuine Éigin É.



Nasc Baile is Scoile

BILEOG OIBRE 5

Naíonáin Shóisearacha & Shinsearacha

Léirim féin cairdeas nuair...



Labhair le do pháiste ar thábhacht an chairdis agus ar na dóigheanna a léirímid cairdeas do dhaoine eile.

Iarr ar do pháiste pictiúr a tharraingt a léireodh cairdeas.

bí
sábháilte

Síniú Tuismitheora/Caomhnóra

Dáta:



Nasc Baile is Scoile

BILEOG OIBRE 6

Naíonáin Shóisearacha & Shinsearacha

Bella agus Georgie



Tá Bella agus Georgie ag imirt leis an liathróid.



Titeann an liathróid nuair a dhéanann Bella iarracht í a cheapadh.



Éiríonn Georgie iontach feargach, tá brón ar Bella

Níos déanaí



Tá Georgie ag imirt arís



Ba mhaith le Bella imirt, Deir Georgie NÍL cead agat! Imigh leat!

Inniu, labhraíomar ar an mbulaíocht agus ar an dóigh a ngortaíonn sí daoine eile. D'fhoghlaimíomar go mbíonn bulaíocht ann nuair a ghortaíonn nó nuair a ghoilleann duine amháin ar dhuine eile d'aon turas níos mó ná aon uair amháin. Iarr ar do pháiste scéal Bella agus Georgie a insint duit.

bí
sábháilte

Síniú Tuismitheora/Caomhnóra

Dáta:



Nasc Baile is Scoile

BILEOG OIBRE 7

Naíonáin Shóisearacha & Shinsearacha

Na Rialacha Bí Sábháilte

Abair 'Stop'

Imigh

Inis do Dhuine
Éigin É

Labhraíomar inniu ar a thábhachtaí atá sé an scéal a insint do dhuine fásta má tá bulaíocht á déanamh ortsa nó ar dhuine a bhfuil aithne agat air nó uirthi. D'fhoghlaim muid na Rialacha Bí Sábháilte.

Iarr ar do pháiste na rialacha Bí Sábháilte a dhathú/mhaisiú.



Síniú Tuismitheora/Caomhnóra

Dáta:

Topaic 3

Tadhaill

Réasúnaíocht don Topaic

Mar gheall ar thuairiscí rialta sna meáin is maith is eol dúinn go léir agus is mór an feall é go bhfuil mí-úsáid ghnéasach á déanamh ar pháistí. Aithnítear freisin nach dtuairiscítear go leor cásanna de mhí-úsáid ghnéasach páistí agus go mbíonn páistí ag fulaingt i ngan fhios don saol. Tarlaíonn mí-úsáid ghnéasach páistí i ngach grúpa socheacnamaíoch agus nach mór i gcónaí bíonn aithne mhaith ag an bpáiste agus ag a t(h)eaghlach ar an té a bhíonn ag gabháil don mhí-úsáid. Tá sé de chúram ar an tsochaí páistí a chosaint ó mhí-úsáid ach caithfear an t-eolas agus na straitéisí a thabhairt do pháistí freisin chun iad féin a chosaint.

Sna ceachtanna seo, tugtar an deis do pháistí tadhaill chuí a phlé agus an rud is tadhall cuí ann a mheas. Múintear go sainráite dóibh faoi thadhall mí-oiriúnach agus cuidítear leo a thuiscint nach bhfuil sé de cheart ag aon duine a gcorp a thadhall ar bhealach a chuireann imní orthu nó a fhágann ag mothú neamhshábháilte iad.

Tugtar deiseanna le straitéisí sábháilteachta pearsanta a fhoghlaim agus a chleachtadh, lena n-áirítear daoine fásta iontaofa a shainaithint a bhféadann páistí rudaí a insint dóibh.

I rith an cheachta seo, beidh tú ag dul i ngleic le tadhaill neamhoiriúnacha. Tá sé tábhachtach smaoineamh go bhféadfadh sé gur fhulaing duine éigin i do rang mí-úsáid nó go bhfuil siad ag fulaingt mí-úsáide faoi láthair. Is fiú a mheabhrú do dhaltaí, má tá siad trína chéile de bharr aon cheist a ardaítear, gur chóir dóibh labhairt go príobháideach leat féin nó le duine fásta eile a bhfuil iontaobh acu as nó aisti.



MAPÁIL LEIS AN G CURACLAM OSPS

Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte

SNÁITHE:

Snáithaonad

MISE

Sábháilteacht agus Cosaint

Sábháilteacht Phearsanta

- Straitéisí oiriúnacha sábháilteachta a iniúchadh
- Staideanna agus áiteanna sábháilte a aithint, mar aon leo siúd ina mbeadh sábháilteacht phearsanta i mbaol
- A thuiscint conas is féidir le daoine eile a áiteamh air/uirthi páirt a ghlacadh in iompar baolach

Snáithaonad

Ag Tabhairt Aire do mo Chorp

Bheith eolach ar mo chorp

- Codanna den chorp fireann is den chorp baineann a ainmniú, ag úsáid téarmaí anatamaíocha oiriúnacha

Snáithaonad

Ag Fás agus ag Athrú

Braistintí agus mothúcháin

- Mothúcháin ilghnéitheacha a ainmniú agus labhairt faoi staideanna ina bhféadfaí dul tríothu

Snáithaonad

Féinaithne

Féinfheasacht

- Na gnéithe go léir is cúis le duine a bheith speisialta agus sainiúil a phlé agus a léirthuiscint
- Tosú ar chumais, scileanna agus buanna pearsanta a thuiscint agus a léirthuiscint agus meas a léiriú dóibh
- Sainroghanna pearsanta a aithint agus a thaifeadadh
- Éirí feasach ar an saol mórthimpeall air/uirthi trí na céadfaí

Ag déanamh cinntí

- Tús feasachta a fhorbairt ar nithe a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar na cinntí nó na roghanna a dhéanann siad

Stór focal

De bhreis ar an stór focal atá in úsáid sna ceachtanna seo, ba cheart do gach dalta sna ranganna Naíonán na téarmaí iomchuí anatamaíocha a fhoghlaim le haghaidh na mball beatha fireann agus baineann.

Naíonáin Shóisearacha agus Shinsearacha

Cara/Cairdeas; Comhroinnt; Cineálta; Éisteacht; Cuidiúil; Sealaíocht a dhéanamh; Bheith cothrom; Bulaíocht; D'aon turas; Goilliúnach; Scanraíonn; Níos mó ná uair amháin; Ag comhoibriú; A bheag a dhéanamh de dhuine; Rialacha; Abair Stop, Imigh leat, Abair le duine

Topaic 3 **Ceacht 1**

Tadhaill

Tá **Acmhainní an Mhúinteora** ar fáil ar an DVD a ghabhann leis an gceacht nó ar líne ag www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Tá sé tábhachtach go gcaithfeá súil roimh ré ar an ábhar go léir, lena n-áirítear ceachtanna, scéalta, físeáin agus naisc ghréasáin, sula múineann tú na ceachtanna seo.



Príomhtheachtaireachtaí

Ba cheart go gcuirfí ar chumas na ndaltaí:

- Tadhaill a shainaithint
 - A thaitníonn leo
 - Tadhaill nach dtaitníonn leo
 - Tadhaill a chuireann mearbhall orthu
- Foghlaim conas tadhaill nach maith leo nó a chuireann mearbhall orthu a láimhseáil
- Foghlaim a thábhachtaí atá sé an scéal a insint do dhuine éigin

Acmhainní

AM 12: Nasc Físeáin – Amhrán na 5 Chéadfaí

BO 8: Tadhaill

BO 9/NBS: Tadhaill

Mála lán rudaí le haghaidh gníomhaíocht ‘Mála Mothaithe’

Réamhrá

Cuspóir Foghlama: *Inniu, beimid ag foghlaim faoi na cineálacha éagsúla tadhaill agus cad is féidir leat a dhéanamh má thadhlaíonn duine thú ar bhealach nach dtaitníonn leat.*

Is ceann de na cúig chéadfaí é tadhall. Cuidíonn na cúig chéadfaí linn bheith ag foghlaim faoin saol atá thart timpeall orainn.

D’fhéadfaí breathnú ar an nasc físe seo a leanas d’fhonn an topaic seo a chur i láthair,

AM 12 - Amhrán na gCúig Chéadfaí

É sin nó d’fhéadfaí labhairt leis na daltaí ar na cúig chéadfaí - an méid atá i gceist leo agus an fáth a bhfuil siad tábhachtach.

Radharc: Cad a fheicimid leis na súile? Conas a bheadh an saol gan radharc a bheith agat? Cén sórt deacrachtaí a bheadh agat?

Éisteacht: Iarr ar na daltaí a bheith ina suí go ciúin agus a bheith ag éisteacht. Cad a chloiseann siad? Iarr ar na daltaí labhairt ar fhuaimneanna eile a chloiseann siad gach lá, amhail bonnán cairr, ceol, cláir theilifíse, babaí ag caoineadh, páistí ag súgradh, Mamaí/Daidí ag scairteadh.

Boladh: Cé na bolaithe éagsúla atá siad in ann a ainmniú? D’fhéadfadh sé gur bolaithe deasa iad amhail boladh na gcístí/an aráin á bhácáil, milseáin, cumhrán nó drochbholaíthe amhail stocaí salacha, madra fliuch.

Blas: Iarr ar na daltaí cur síos a dhéanamh don chuid eile den rang ar bhlasanna a thaitníonn/nach dtaitníonn leo - seacláid, brioscáin phrútaí ghoirte, torthaí searbha. Tá blasanna ann a thaitníonn le roinnt daoine ach nach dtaitníonn le daoine eile - anlainn, curaí, bia spíosrach.

Tadhall: Pléigh an mothú a bhíonn ar rudaí éagsúla - crua, bog, fuar, te, mín, garbh.

Nóta don Mhúinteoir:

Iarrtar ort bheith meabhrach go bhféadfadh sé nach mbeadh páiste a ndearnadh mí-úsáid nó a bhfuil mí-úsáid á déanamh air/uirthi sásta dá mbeadh páistí eile sa rang maith go leor le tadhall nach dtaitníonn leis/léi.

**Forbairt**

Gníomhaíocht - Cluiche Céadfach (Mála Mothaithe): Cuir rudaí ar éagsúlacht d'uígeachtaí isteach i 'Mála Mothaithe'. (Crua, bog, mín, garbh, cnapánach, géar, deilgneach, lonrach, rubarúil, righin, clúmhach, gruagach)

Cuireann na daltaí a lámh isteach sa mhála ar a seal agus mothaíonn ceann de na rudaí. Déanann siad cur síos ansin ar an rud a mhothaíonn siad (uígeacht, srl.) agus tugann buille faoi thuairim ar an rud a bheadh ann. B'fhéidir gur mhaith an rud é samhaltú a dhéanamh air sin ar dtús, mar shampla, "Is rud é a mhothaíonn bog i mo lámh. Má fháiscim é, is féidir liom é a dhéanamh níos lú. Déarfainn gur spúinse é".

Féadann páistí a rá cé acu a dtaitníonn sé leo an rud a thadhall nó nach dtaitníonn.

Tá sé tábhachtach go dtuigeann na páistí go dtaitníonn tadhaill dhifriúla le gach duine, go bhfuil tadhaill ann nach dtaitníonn le daoine agus go bhfuil tadhaill eile ann nach mbíonn daoine cinnte fúthu. Agus bíonn tadhaill ann a thaitníonn linn in amanna ach nach dtaitníonn linn amanna eile.

Iarr ar na daltaí labhairt ar chuid de na tadhaill is maith leo a dhéanamh/a fháil amhail barróga nó lámh duine a ghlacadh, agus ar chuid de na tadhaill nach dtaitníonn leo amhail duine tú a bhualadh nó do ghruaig a tharraingt nó tú a chigilt róchrúa.

BO 8 - Tadhaill: Féadann daltaí a bheith ag obair ina mbeirteanna nó mar rang iomlán agus 'ordóga suas'/soilse trácht a úsáid, i.e. glas le haghaidh is maith liom, dearg le haghaidh ní maith liom agus oráiste le haghaidh tadhall nach bhfuil siad cinnte fúthu.

Cad is féidir leat a dhéanamh má thadhlaíonn duine thú ar bhealach nach dtaitníonn leat?

Úsáid samplaí ón gceacht ar thadhlaill nár thaitin le daltaí agus iarr orthu rólghlacadh a dhéanamh bunaithe ar rudaí a d'fhéadfaí a dhéanamh i ngach cás.

Cuir ina luí orthu gur cheart dúinn i gcónaí, sa chás go dtadhlódh duine muid ar dhóigh nach dtaitníonn linn agus nár mhaith linn, cuimhneamh ar na rialacha Bí Sábháilte: Abair 'Stop', Imigh, agus Inis do Dhuine Éigin É.

Conclúid

Cuir i gcuimhne do na daltaí a thábhachtaí atá sé an scéal a insint do dhuine fásta.

(Bileog oibre an Cúigear Iontaofa).

BO 9/NBS - Tadhaill: Comhlánaíonn na daltaí an bhileog oibre sa bhaile. Ba cheart an bhileog oibre a chur abhaile le haghaidh plé leantach le tuismitheoirí/caomhnóirí.

Topaic 3 **Ceacht 2**

Ná Coinnigh Tadhall faoi Rún Riamh

Tá **Acmhainní an Mhúinteora** ar fáil ar an DVD a ghabhann leis an gceacht nó ar líne ag www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Tá sé tábhachtach go gcaithfeá súil roimh ré ar an ábhar go léir, lena n-áirítear ceachtanna, scéalta, físeáin agus naisc ghréasáin, sula múineann tú na ceachtanna seo.

Príomhtheachtaireachtaí

Ba cheart go gcuirfí ar chumas na ndaltaí:

- Foghlaim conas tadhaill nach maith leo nó a chuireann mearbhall orthu a láimhseáil
- Baill phríobháideacha a gcoirp a aithint agus a ainmniú
- A thuiscint go mbíonn sé deacair rud a insint uaireanta – go háirithe má tá breabanna nó bagairtí i gceist
- A thuiscint nár chóir d’aon duine riamh iarraidh orthu tadhall a choimeád faoi rún.

Ní mór na daoine fásta iontaofa ina saol, a bhféadann siad dul chucu má bhíonn fadhb acu, a chur i gcuimhne do na daltaí.

Acmhainní

AM 13: Póstaer Mo Chorp

AM 14: Céard a tharlaíonn...

AM 15: Scéal ‘Chluiche na Dinglise’

Réamhrá

Cuspóir Foghlama: Foghlaimeoidimid inniu nár chóir dúinn rún a choinneáil in am ar bith faoi thadhall.

Tá sé tábhachtach go bhfoghlaimíonn páistí an bhrí atá le ‘pearsanta’ agus le ‘príobháideach’.

D’fhéadfá an ceacht seo a chur ina láthair trí chlúdach/beart agus d’ainm mar aon leis an bhfocal príobháideach scríofa i litreacha móra air a thaispeáint do na daltaí.

Spreag daltaí chun a mínithe féin a thabhairt ar cad is dóigh leo a chiallaíonn ‘príobháideach’ nó ‘pearsanta’. Spreag na daltaí chun samplaí ón ngnáthshaol a thabhairt duit de rudaí a dhéanaimid go príobháideach – mar shampla – ag dul chuig an leithreas, nuair a bhíonn folcadh / cith ag duine, comhrá nó cruinniú príobháideach etc.

Forbairt

Mo Chorp

Cuir an ceacht deiridh ar thadhail i gcuimhne do na daltaí agus an dóigh ar labhair siad ar na tadhaill a thaitníonn leo, na tadhaill nach dtaitníonn leo agus na tadhaill nach bhfuil siad cinnte fúthu - na tadhaill a chuireann mearbhall orthu.

Déantar baill de do chorp a thadhail cuid mhaith. Iarr ar na daltaí smaoineamh ar ócáidí nuair a thadhlaítear baill dár gcorp, mar shampla, barróg a thabhairt do dhuine, lámh duine a ghlacadh, cluichí a imirt. Tá baill den chorp ann a thadhlaítear cuid mhór (lámha, cloigeann, srl.), ach tá baill eile ann nach dtadhlaítear an oiread sin - tá siad príobháideach.

De ghnáth, nuair a labhraímid faoi bhaill phríobháideacha ár gcoirp, is éard atá i gceist againn ná na codanna den chorp atá clúdaithe ag ár bhfo-éadaí nó ár gculaith snámha.

Nóta don Mhúinteoir:

Tabhair faoi deara gur chóir go mbeadh ainmniú bhaill phríobháideacha an choirp ag teacht le beartas OCG na scoile.



AM 13 -Tá baill áraithe de mo chorp príobháideach: De gnáth clúdaítear baill phríobháideacha le fó-éadaigh nó le culaithe snámha.

Ba chóir go bhfoghlaimeodh leanaí conas na baill phríobháideacha den chorp fireann agus bainneann a aithint mar aon leis an ainm cuí anatamaíoch.

D'fhéadfadh na bábóga atá deartha lena n-úsáid le haghaidh ceachtanna OCG a bheith áisiúil anseo chun baill bheatha an choirp a aithint agus a ainmniú.

Cé go bhfuil na baill seo den chorp príobháideach agus nach ndéantar iad a thadhall chomh minic sin, bíonn uaireanta ann nuair a d'fhéadfadh sé go dteastódh cúnamh uait ó Mhamáí nó ó Dhaidí nó ó dhuine fásta eile chun folcadh/cith a ghlacadh, chun do chuid éadaí a chur ort nó a bhaint díot. Má tá tú tinn nó má ghortaítear tú, b'fhéidir go gcaithfeadh do thuismitheoirí nó an dochtúir nó an t-altra do bhaill phríobháideacha a thadhall, ach níor chóir d'aon duine a iarraidh ort riamh aon tadhall a choimeád faoi rún. Níor cheart dúinn riamh aon rún a choimeád faoi aon tadhall go háirithe má thadhlaíonn aon duine thú ar do thóin, do phéineas, d'fhaighin nó do phit.

Mura bhfuil cúis mhaith leis, cosúil leis na cinn ar labhair muid fúthu, níor cheart d'aon duine baill phríobháideacha do choirp a thadhall. Níor cheart d'aon duine a iarraidh ort baill phríobháideacha a gcoirp féin a thadhall ach an oiread.

Ná Coinnigh Tadhall faoi Rún Riamh

Roghnaigh ceann amháin de na gníomhaíochtaí seo a leanas, 'Céard a tharlaíonn' nó 'Cluiche na Dinglise'

AM 14: Céard a tharlaíonn:

- Má dhéanann duine ag an linn snámha iarracht d'fhobhríste a tharraingt síos?
- Mura dtaitníonn sé leat nuair a thugann d'aintín nó d'uncaíl barróg duit?
- Má bhíonn páiste eile ar scoil i gcónaí ag iarraidh tú a thadhall ar dhóigh nach dtaitníonn leat?
- Má chuir duine dinglis ionat agus dúirt leat é a choinneáil faoi rún?

Nó

AM 15: Cluiche na Dinglise: Léigh nó éist leis an scéal a leanas agus pléigh é leis an rang.

(Is éard is aidhm leis an scéal seo ná a chur ina luí ar pháistí óga a thábhachtaí atá sé an scéal a insint i gcónaí má thadhlaíonn duine iad ar bhaill phríobháideacha a gcoirp. Is fearr má úsáidtear an téarmaíocht anatamaíoch iomchuí.)

Bhí ar Mhamáí dul chuig cruinniú agus bhí Ben ag teacht le haire a thabhairt do Daniel. Bhí Daniel an-mhór le Ben nó bhí sé lán spraoi agus thug sé féiríní leis i gcónaí, ach níor thaitin sé le Daniel nuair a d'imir sé cluiche na dinglise. Bhí amanna ann nuair a chigil Ben é an oiread sin gur mhothaigh a bholg tinn.

Dúirt Mammaí le Daniel na pitseámaí a chur air sula dtiocfadh Ben agus mheabhraigh sí dó na fiacla a scuabadh roimh dhul a luí.

Nuair a tháinig Ben, bhí mála milseán aige agus DVD nua a bhféadfadh siad breathnú air. Lig Ben dó fanacht ina shuí go mall le breathnú ar dheireadh an DVD. Nuair a bhí an scannán thart, thosaigh Ben ag gáire agus ar sé, "Anois a Daniel, am dinglise". Léim Daniel den tolg ach rug Ben greim air agus thosaigh sé á d'inglis. Bhí spraoi ann ag an tús agus bhí Daniel ag gáire ach ansin, rinne Ben rud nach ndearna sé riamh roimhe sin. Thosaigh sé ar a chigilt ar na baill phríobháideacha dá chorp - thart ar a thóin agus ar a phéineas.

Níor thaitin sé seo le Daniel ar chor ar bith agus shleamhnaigh sé ar shiúl uaidh. Arsa Ben, “Úps, a Daniel! Tá mé buartha má ghortaigh mé thú. Ní raibh mé ach ag imirt cluiche”.

Ansin, dúirt Ben le Daniel go raibh am luí ann. Chuaigh Daniel isteach ina leaba agus nuair a bhí Ben á shoipriú isteach, ar seisean, “Coinnímis ár gCluiche Dinglise ina rún eadrainn agus an chéad uair eile a thiocfaidh mé, tabharfaidh mé liom na mílseáin is fearr leat”.

Agus Daniel ina luí sa leaba, ní raibh a fhios aige cad ba cheart dó a dhéanamh. Ansin, chuimhnigh sé ar an méid a dúirt an múinteoir leis, nár cheart dó aon tadhall in am ar bith a choinneáil faoi rún.

Pointí Plé:

- Cad ba cheart do Daniel a dhéanamh, dar leat? Spreag na daltaí lena rá cad ba cheart do/ab fhéidir le Daniel a dhéanamh.
- Cé dó/dí a bhféadfadh Daniel an scéal a insint?
- Cén fáth a bhféadfadh sé a bheith deacair ag Daniel an scéal a insint?

Críochnaigh an scéal: Feicfimid anois cad a rinne Daniel.

Ag an bpointe sin, chuala Daniel a mhamáí ag teacht abhaile. Chuala sé í ag teacht amach as an gcarr agus ag oscailt an dorais tosaigh. Labhair sí le Ben ar feadh tamaill agus ansin, chuala sé í ag rá “Oíche mhaith, a Ben” agus í ag druidim an dorais tosaigh.

Chuala Daniel Mamáí ag teacht aníos an staighre. Tháinig sí isteach ina sheomra agus, ar sise, “Ní chreidim go bhfuil tú fós i do shuí”, nuair a chonaic sí Daniel ina shuí thuas díreach ina leaba. “Ní raibh mé in ann dul a chodladh”, ar seisean.

“Cén fáth nach raibh tú in ann codladh, a Daniel?” a d’fhiafraigh Mamáí.

“Mar go bhfuilim ag iarraidh rud éigin a rá leat” arsa Daniel.

Dúirt Daniel le Mamáí faoi ‘Chluiche na Dinglise’ agus faoin méid a bhí déanta ag Ben agus faoin dóigh a raibh Ben ag iarraidh air gach rud a choinneáil faoi rún.

Shuigh Mamáí síos ar an leaba in aice le Daniel agus thug barróg mhór dó. Dúirt sí leis go raibh sí iontach sásta nár choinnigh sé rún Ben, go raibh an méid a bhí déanta ag Ben mícheart agus nach n-iarrfadh sí ar Ben choíche go deo arís aire a thabhairt dó.

Shuigh Mamáí le Daniel go dtí gur thit sé ina chodladh.



Cuimhnigh: Ba cheart i gcónaí an scéal a insint do dhuine éigin má thadhlaíonn duine thú ar bhealach nach dtaitníonn leat. Ná coinnigh rún faoi thadhaill in am ar bith.

Conclúid

Déan babhta leis na daltaí i dtaca le tadhaill a thaitníonn leo: “Is maith liom é nuair”

Spreagtar gach dalta le labhairt ar thadhall amháin a thaitníonn leis nó léi, mar shampla, “Is maith liom é nuair a thugann Daidí póg oíche mhaith dom roimh dom dul a chodladh” nó “Is maith liom é nuair a ghlacann Mamó mo lámh agus muid ag trasnú an bhóthair”.

É sin, nó léigh an scéal ‘I like it when’, le Mary Murphy, scéal faoi piongain bheag a dtaitníonn a lán rudaí éagsúla léi.



BILEOG OIBRE 8

Naíonáin Shóisearacha & Shinsearacha

Tadhaill

Is maith liom/ní maith liom/
níl mé cinnte

Lámh Mhamáí a ghlacadh



Duine ag cur dinglis i mo chosa



Peataireacht a dhéanamh ar mhadra



Nuair a thugann Mamó barróg dom



Nuair a dhéantar mo ghruaig a tharraingt



Nuair a dhéantar mé a bhrú iontach ard ar luascán



Dathaigh an aghaidh IS MAITH
LIOM, NÍ MAITH LIOM nó NÍL MÉ
CINNTE le haghaidh gach pictiúir

bí
sábháilte





Nasc Baile is Scoile

BILEOG OIBRE 9

Naíonáin Shóisearacha & Shinsearacha

Tadhaill

Is maith liom/ní maith liom/
níl mé cinnte

Is maith liom...

Ní maith liom...

Níl mé cinnte...

Inniu, labhraíomar ar thadhaill a thaitníonn linn, tadhaill nach dtaitníonn linn agus tadhaill a chuireann mearbhall orainn.

Scríobhann nó tarraingíonn páistí pictiúr i ngach bolgán.

bí
sábháilte

Síniú Tuismitheora/Caomhnóra

Dáta:

Topaic 4

Rúin agus Insint

Réasúnaíocht don Topaic

Bíonn daoine a dhéanann mí-úsáid ar pháistí ag brath ar rúin, ar bhagairtí agus ar bhreabanna. Mar sin is é príomhtheachtairacht na topaice seo nár chóir tadhaill a choimeád faoi rún RIAMH. Foghlaimíonn páistí conas rud a insint, cé dhó a n-insíonn siad rud, cén uair is fearr rud a insint agus leanúint dá insint go dtí go n-éistean duine éigin leo. Tugtar deiseanna chun an teachtaireacht sin a chleachtadh agus a atreisiú.

bí
sábháilte



MAPÁIL LEIS AN GCURACLAM OSPS

Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte

SNÁITHE:

Snáithaonad:

MISE

Sábháilteacht agus Cosaint

Sábháilteacht Phearsanta

- Straitéisí oiriúnacha sábháilteachta a iniúchadh
- Staideanna agus áiteanna sábháilte a aithint, mar aon leo siúd ina mbeadh sábháilteacht phearsanta i mbaol
- A thuiscint conas is féidir le daoine eile a áiteamh air/uirthi páirt a ghlacadh in iompar baolach

Snáithaonad:

Ag Fás agus ag Athrú

Braistintí agus Mothúcháin

- Mothúcháin ilghnéitheacha a ainmniú agus labhairt faoi staideanna ina bhféadfaí dul tríothu

Snáithaonad:

Féinaithne

- Tús feasachta a fhorbairt ar nithe a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar na cinntí nó na roghanna a dhéanann siad

Stór focal

Naíonáin Shóisearacha agus Shinsearacha

IONADH MÍCHOMPORDACH ÉIGINNTE BREAB BAGAIRT

Topaic 4

Rúin agus Insint

Tá Acmhainní an Mhúinteora ar fáil ar an DVD a ghabhann leis an gceacht nó ar líne ag www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Tá sé tábhachtach go gcaithfeá súil roimh ré ar an ábhar go léir, lena n-áirítear ceachtanna, scéalta, físeáin agus naisc ghréasáin, sula múineann tú na ceachtanna seo.



Príomhtheachtaireachtaí

Ba cheart go gcuirfí ar chumas na ndaltaí:

- Ildirdhealú a dhéanamh idir rúin mhaithe agus drochrúin
- A fhoghlaim nár chóir dóibh drochrúin nó rúin faoi thadhall a choimeád riamh
- A fhoghlaim go mbíonn sé deacair rud a insint uaireanta – go háirithe má tá breabanna nó bagairtí i gceist

Acmhainní

AM 16: Rúin agus Insint - Cad a tharlaíonn...

BO 10/NBS: Rúin agus Insint

Bosca Bronntanais

Réamhrá

Cuspóir Foghlama: Foghlaimeoidimid inniu faoi rúin agus faoina thábhachtaí a bhíonn sé i gcónaí drochrúin a insint do dhuine fásta, go háirithe rúin faoi thadhaill.

Maidin an cheachta, tabhair isteach bosca atá clúdaithe le páipéar beartáin nó socraigh go dtabharfadh duine eile bosca clúdaithe isteach. Is dócha go gcuirfidh daltaí ceisteanna faoin mbosca agus go mbeidh siad fiosrach maidir lena bhfuil istigh ann.

Iarr ar na daltaí buille faoi thuairim a thabhairt faoina bhfuil istigh sa bhosca.

Ba cheart go dtabharfadh an múinteoir (nó an té a sheachaid an bosca) le fios gur bronntanas don rang é ach go gcoinneofar faoi rún é go dtí tar éis am lóin.

Forbairt

Rúin agus Bronntanais

Tar éis am lóin, cuir na daltaí i gcirocal chun an bronntanas a oscailt. Arís eile, iarr orthu buille faoi thuairim a thabhairt faoin rud atá ann. Oscail an bosca agus taispeáin an bronntanas do na daltaí (m.sh. cluiche don rang, féirín de chineál éigin).

Anois agus an bosca oscailte, ní rún é níos mó nó tá a fhios ag gach duine céard atá ann.

Uaireanta, nuair a bhíonn bronntanas againn do dhuine, bíonn orainn é a choinneáil faoi rún go ceann tamaill mar a rinne mise ar maidin leis an mbronntanas seo. Rún maith a bhí ansin.

Fiafraigh de na daltaí an bhféadann siad a rá leat faoi am nuair a fuair siad bronntanas nó nuair a bhí rún maith acu, mar shampla - beidh breithlá do Dhaidí ann an tseachtain seo chugainn agus cheannaigh tú bronntanas dó ach caithfidh tú é a choinneáil faoi rún go dtí sin.

AM 16 Rúin agus Insint - Cad a tharlaíonn: Léann daltaí na cásanna ‘Cad a tharlaíonn’ agus socraíonn cé acu is rúin mhaithe nó is drochrúin iad.



Fiosraigh leis na daltaí na roghanna uile a bheadh acu dá n-iarrfadh duine orthu drochrún a choinneáil nó rún faoi rud a chuireann eagla nó imní orthu.

Cuir ina luí orthu nár cheart dóibh rún faoi thadhall nó faoi rudaí a fhágann míchompordach, scanraithe, buartha nó brónach iad a choinneáil in am ar bith.

Cuimhnigh gur cheart i gcónaí an scéal a insint do dhuine fásta a bheadh in ann cuidiú.

Cuir an Cúigear Daoine Fásta Iontaofa a shainaithin siad nuair a bhí siad ag foghlaim faoi na braistintí Sábháilte agus Neamhshábháilte i gcuimhne do na daltaí.

Conclúid

Rólimirt: Déan cleachtadh ar an scéal a insint trí na cásanna ‘Cad a tharlaíonn...’ thuas a úsáid.

Iarr ar na daltaí rólimirt a dhéanamh le ceann amháin de na cásanna. Fiosraigh cuid de na focail nó na frásaí a d’fhéadfadh siad a úsáid, mar shampla, “Níl mé sásta/tá eagla orm” nó, “Caithfidh mé rud éigin a rá leat”.

BO 10/NBS - Rúin agus Insint: Is féidir an bhileog oibre a chomhlánú sa bhaile nó ar scoil. Ba cheart an bhileog oibre a chur abhaile le haghaidh plé leantach le tuismitheoirí/caomhnóirí.





Nasc Baile is Scoile

BILEOG OIBRE 10

Naíonáin Shóisearacha & Shinsearacha

Rúin agus Insint

Ná coinnigh
tadhall faoi
rún
riamh

Dathaigh an póstaer

Labhraíomar inniu ar rún agus insint. Labhair le do pháiste faoi gan rún a choinneáil RIAMH faoi thadhall. Teagasc an t-ainm ceart ar na baill phríobháideacha dá c(h)orp do do pháiste.



Síniú Tuismitheora/Caomhnóra

Dáta:

Topaic 5

Strainséirí

Réasúnaíocht don Topaic

Bíonn páistí ag idirghníomhú le roinnt daoine i gcaitheamh a saoil. Beidh aithne acu ar roinnt de na daoine agus is strainséirí a bheidh i gcuid eile díobh.

Sa topaic seo, pléann páistí cad is strainséir ann. Cuirtear ina láthair go soiléir na rialacha a bhaineann le déileáil go hiomchuí le strainséirí agus déantar iad a chleachtadh i dtimpeallacht shábháilte an tseomra ranga.

bí
sábháilte



MAPÁIL LEIS AN GCURACLAM OSPS

SNÁITHE:

Snáithaonad:

MISE

Sábháilteacht agus Cosaint

Sábháilteacht Phearsanta

- Straitéisí oiriúnacha sábháilteachta a iniúchadh
- Staideanna agus áiteanna sábháilte a aithint, mar aon leo siúd ina mbeadh sábháilteacht phearsanta i mbaol
- A thuiscint conas is féidir le daoine eile a áiteamh air/uirthi páirt a ghlacadh in iompar baolach

Saincheisteanna Sábháilteachta

- Daoine a aithint atá freagrach as sábháilteacht i measc an phobail agus straitéisí sábháilteachta a fhoghlaim agus a chleachtadh d'fhonn an bóthar a thrasnú, an bus a úsáid nó bheith mar choisí
- A aithint agus a thuiscint go bhfuil gá le rialacha chun daoine a chosaint agus a choinneáil sábháilte

Snáithaonad:

Féinaithne

Ag Déanamh cinntí

- Roghanna a dhéanann sé/sí féin gach lá a aithint mar aon leis na cinn a dhéanann daoine eile
- Tús feasachta a fhorbairt ar nithe a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar na cinntí nó na roghanna a dhéanann siad

Stór focal

Naíonáin Shóisearacha agus Shinsearacha

STRAINSÉIR

Topaic 5

Strainséirí

Tá Acmhainní an Mhúinteora ar fáil ar an DVD a ghabhann leis an gceacht nó ar líne ag www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm agus www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Tá sé tábhachtach go gcaithfeá súil roimh ré ar an ábhar go léir, lena n-áirítear ceachtanna, scéalta, físeáin agus naisc ghréasáin, sula múineann tú na ceachtanna seo.

Príomhtheachtaireachtaí

Ba cheart go gcuirfí ar chumas na ndaltaí:

- Coincheap na strainséirí a thuiscint
 - Dhá eochair-riail a fhoghlaim:
- Ná téigh go deo in aon áit le strainséir
Ná glac go deo le haon rud ó strainséir.

Acmhainní

AM 17: Scéal Mháire

BO 11/NBS: An Clós Súgartha

Réamhrá

Cuspóir Foghlama: Inniu, foghlaimimid faoi strainséirí agus faoi na rialacha atá againn chun muid féin a choinneáil sábháilte thart ar strainséirí.

Ní mór coincheap an strainséara agus cad is strainséir ann a fhiosrú agus a phlé leis na daltaí.

Cad is strainséir ann? Is ionann strainséir agus aon duine nach bhfuil aithne agat air nó uirthi.

Iarr ar na daltaí labhairt ar áiteanna/amanna ina bhfeicfeá strainséir, mar shampla, dul ag siopadóireacht, dul chuig cluiche, ag siúl thart le daoine ar an tsráid ar an mbealach chun na scoile, ag fanacht i seomra feithimh an dochtúra, ar an mbus.

Buailimid lena lán strainséirí ar bhonn rialta agus is daoine deasa iad bunús na strainséirí nach ngortódh ná nach ndéanfadh dochar choíche do pháiste.

B'fhéidir go bhféadfá tarraingt ar ócáid nuair a tháinig 'strainséir' ar cuairt chun na scoile nó chuig an rang le cuidiú leat an coincheap a mhíniú.

Forbairt

Cé gur daoine deasa iad formhór na strainséirí, ní féidir linn a rá díreach ó fhéachaint ar dhuine cén sórt duine atá ann. Mar sin, chun muid féin a choinneáil sábháilte, tá rialacha ann i dtaca le strainséirí a gcaithfidh muid cloí leo.

Fiafraigh de na páistí cé na rialacha a tugadh dóibh sa bhaile i dtaca le strainséirí. Déan iad seo a phlé agus a atreisiú, de réir mar is iomchuí, agus aibhsigh dóibh nach ceart in am ar bith dul áit ar bith le strainséirí nó aon rud a ghlacadh uathu. Cuir ina luí orthu gur gá fios a bheith ag a dtuismitheoirí nó ag duine fásta eile cén áit a bhfuil siad agus cé leis nó léi a bhfuil siad i rith an ama.

TR 17 - Scéal Mháire: Seinn nó léigh an scéal agus pléigh é leis an rang.

Thaitin maidin Dé Sathairn go mór le Máire nó chuaigh sí i gcónaí lena Daidí le breathnú ar chluichí peile a deirféar níos sine sa pháirc áitiúil. Uaireanta, bhreathnaigh sí ar na cluichí ach de ghnáth, thaitin sé léi a liathróid féin a chiceáil thart agus bheith ag súgradh leis na páistí eile a bhí ann.



Dé Sathairn seo caite, chomh luath is a bhain siad an pháirc amach, d'imigh Máire léi lena liathróid agus scairt a Daidí ina diaidh, "Ná himigh rófhada uaim, a Mháire, fan gar go leor le go mbeidh mé in ann tú a fheiceáil".

Bhí an-spraoi ag Máire, ag ciceáil na liathróide thart le cara léi ach ansin tháinig buachaill níos sine nach bhfaca Máire riamh roimhe agus chiceáil sé an liathróid chomh láidir sin go ndeachaigh sí thar an bhfál agus isteach san fhéar fada ag an taobh thall den pháirc. Chuaigh sí chomh fada sin nach raibh Máire in ann í a fheiceáil níos mó. Thosaigh an buachaill ag gáire.

"Cic iontach, nárbh ea?" ar seisean. "Tar liom, cuideoidh mé leat í a aimsiú", a bhéic sé agus thosaigh sé a rith i dtreo na liathróide.

Stad anseo le plé a dhéanamh:

- Cén rud a thaitin le Máire a dhéanamh maidin Dé Sathairn?
- Cén fáth, dar leat, ar chiceáil an buachaill an liathróid? (Sa scéal, níl a fhios againn cén fáth a ndearna sé é seo - b'fhéidir gur theastaigh uaidh bheith ag súgradh le duine éigin, b'fhéidir gur cleas gránna a bhí ann.)
- Cad ba cheart do Mháire a dhéanamh?

Críochnaigh an scéal:

Bhí Máire ar tí é a leanúint nuair a chuimhnigh sí ar na rialacha i dtaca le dul chuig áiteanna le daoine nach raibh aithne aici orthu. Cé gur chosúil go raibh an buachaill cairdiúil go leor agus gur mhaith léi a liathróid a fháil ar ais, bhí a fhios aici nach bhféadfadh sí na rialacha faoi strainséirí a bhriseadh.

"Caithfidh mé a rá le mo dhaidí", a bhéic sí leis an mbuachaill agus rith sí chuig an áit a raibh a daidí ag breathnú ar an gcluiche.

Dúirt Daidí go gcuideodh sé léi an liathróid a aimsiú. Ghlac sé a lámh agus shiúil siad beirt i dtreo na liathróide. Nuair a bhain siad an taobh eile den pháirc amach, bhuail siad leis an mbuachaill agus é ag teacht ar ais leis an liathróid.

"Seo duit", ar seisean, "tá mé buartha gur chiceáil mé chomh fada sin ar shiúl í".

Ar an mbealach abhaile sa charr, dúirt Daidí le Máire go raibh sé iontach sásta léi as an rud ceart a dhéanamh nuair a tháinig sí leis an scéal a insint faoin méid a tharla.



Pointí Plé:

- Cén fáth nach ndeachaigh Máire leis an mbuachaill?
- Cé na rialacha a bhí aici i dtaca le strainséirí?
- Céard a rinne Máire?
- Cén sórt focal, dar leat, a d'úsáid daidí Mháire ar an mbealach abhaile lena léiriú do Mháire go raibh sé sásta léi?

Rialacha Sábháilteachta:

Cad ba cheart dúinn a dhéanamh má iarrann strainséir orainn dul áit éigin? Ba cheart dúinn ár gcuid rialacha sábháilteachta a úsáid: Abair 'Stop', Imigh, agus Inis do Dhuine Éigin É.

Cad ba cheart dúinn a dhéanamh má ofráilann strainséir rud dúinn nó iarrann orainn rud a dhéanamh? Ba cheart dúinn ár gcuid rialacha sábháilteachta a úsáid: Abair 'Stop', Imigh, agus Inis do Dhuine Éigin É.



Conclúid

Rólimirt: Déanann páistí rólimirt faoin scéal agus úsáideann na rialacha sábháilteachta le cásanna eile a bhaineann le strainséirí a láimhseáil.

Is féidir rólimirt a úsáid lena aibhsiú gur féidir linn ‘Stop’ a rá nó diúltú don strainséir ar bhealach nach mbeadh drochbhéasach don duine eile.

Cuir tábhacht na rialacha ina luí orthu.

Bileog Oibre 11/NBS - An Clós Súgartha: Comhlánaíonn na daltaí an bhileog oibre sa bhaile nó ar scoil. Ba cheart an bhileog oibre a chur abhaile le haghaidh plé breise le tuismitheoir/caomhnóir.




Nasc Baile is Scoile

BILEOG OIBRE 11

Naíonáin Shóisearacha & Shinsearacha

Strainséirí



D'fhoghlaim mé inniu sa rang gurb ionann strainséir agus aon duine nach bhfuil aithne agam air nó uirthi.

D'fhoghlaim muid roinnt rialacha faoi strainséirí:

- Gan dul go deo in aon áit in éineacht le strainséira
- Gan aon ní a ghlacadh in am ar bith ó strainséir.

bí
sábháilte

Síniú Tuismitheora/Caomhnóra

Dáta:

Tá an acmhainn seo ar fáil le híoslódáil ag:

www.staysafe.ie/teachers-staysafe-irish.htm

www.pdst.ie/An-Clar-Bi-Sabhailte

Á mhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna